

IONSTRAIM

i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

CUID A hAON

PRIONSABAIL

Airteagal 1

Chun críocha na hIonstraime seo:

— ciallaíonn an abairt “Conarthaí bunaidh”:

- (a) an Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), arna leasú nó arna bhforlónadh le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh aontachas Phoblacht na Cróite;
- (b) an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh CEFA), arna leasú nó arna fhorlónadh le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh aontachas Phoblacht na Cróite;

— ciallaíonn an abairt “Ballstáit láithreacha” Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cípire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mháita, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

— ciallaíonn “an tAontas” an tAontas Eorpach arna fhothú ar CAE agus ar CFAE agus/nó, de réir mar a bheidh, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach;

— ciallaíonn an abairt “na hinstiúidí” na hinstiúidí a bunaíodh le CAE.

Airteagal 2

Amhail ó dháta an aontachais, beidh forálacha na gConarthaí bunaidh agus na gníomhartha a ghlac na hinstiúidí roimh an aontachas ina gceangal ar an gCróit agus beidh feidhm acu sa Chróit faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin agus san Ionstraim seo.

I gcás ina dtiocfaidh ionadaithe rialtais na mBallstáit ar chomhaontú maidir le leasuithe ar na Conarthaí bunaidh de bhun Airteagal 48(4) CAE tar éis don Chróit an Conradh Aontachais

a dhaingniú agus, i gcás nach mbeidh na leasuithe sin tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, daingneoidh an Chróit na leasuithe sin i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla.

Airteagal 3

1. Aontaíonn an Chróit do na cinní agus do na comhaontuithe a ghlac Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí.

2. Aontaíonn an Chróit do na cinní agus do na comhaontuithe a ghlac ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle.

3. Tá an Chróit sa chás céanna leis na Ballstáit láithreacha i leith dearbhuithe nó rún nó seasamh eile de chuid na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle, agus i leith na ndearbhuithe, na rún nó na seasamh sin a ghlac na Ballstáit de thoil a chéile maidir leis an Aontas. Dá réir sin urramóidh an Chróit na prionsabail agus na treoirlínte a chineann ó na dearbhuithe sin, na rún sin nó na seasaimh eile sin agus glacfaidh sí cibé bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

4. Aontaíonn an Chróit do na coinbhinsiúin agus do na prótacail a liostaítear in Iarscríbhinn I. Tíocfaidh na coinbhinsiúin agus na prótacail sin i bhfeidhm i ndáil leis an gCróit ar an dáta a chinnefidh an Chomhairle sna cinní dá dtagraítear i mír 5.

5. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar mhóladh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, gach oiriúnú is gá de thoradh an aontachais ar na coinbhinsiúin agus na prótacail dá dtagraítear i mír 4 agus déanfaidh sí na téacsanna oiriúnaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. Gabhann an Chróit uirthi féin, i leith na gcoinbhinsiúin agus na bprótacal dá dtagraítear i mír 4, socrúithe riaracháin agus socrúithe eile a thabhairt isteach, ar nós na socrúithe a bheidh glactha faoi dháta an aontachais ag na Ballstáit láithreacha nó ag an gComhairle, agus comhar praiticiúil a éascú idir instiúidí agus eagraíochtaí de chuid na mBallstát.

7. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, Iarscríbhinn I a fhorlónadh leis na coinbhinsiúin, na comhaontuithe agus na prótacail ábhartha arna síniú roimh dháta an aontachais.

Airteagal 4

1. Na forálacha de chuid *acquis* Schengen dá dtagraítear sa Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtíú i gcreat an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear “Prótacal Schengen” anseo feasta), atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus na gníomhartha atá ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, a liostaítear in Iarscríbhinn II, mar aon le haon gníomhartha breise den sórt sin arna nglacadh roimh dháta an aontachais, beidh siad ina gceangal ar an gCróit agus beidh feidhm acu inti ó dháta an aontachais.

2. Na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen mar atá arna lánpháirtíú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na gníomhartha atá ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile nach dtagraítear dóibh i mír 1, cé go mbeidh siad ina gceangal ar an gCróit ó dháta an aontachais, ní bheidh feidhm acu sa Chróit ach amháin de bhun cinnidh ón gComhairle chuige sin, tar éis fíorú, i gcomhréir le nósanna imeachta infheidhme measúnachta Schengen, go bhfuil na coinníollacha is gá chun gach cuid den *acquis* ábhartha a chur i bhfeidhm comhallta sa Chróit, lena n-áirítear cur i bhfeidhm éifeachtach rialacha uile Schengen i gcomhréir leis na comhchaighdeáin chomhaontaithe agus leis na bunphrionsabail. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta infheidhme de chuid Schengen agus tuarascáil ón gCoimisiún á cur san áireamh aici ina ndeimhneofar go leanfaidh an Chróit uirthi ag comhlíonadh na dtiomantas a gabhadh ar láimh le linn na caibidlíochta aontachais agus atá ábhartha do *acquis* Schengen.

Glacfaidh an Chomhairle a cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di le haontoilíocht a comhaltá, atá ionadaitheach do Rialtas na mBallstát a bhfuil na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo curtha in éifeacht cheana ina leith, agus an ionadaí do Rialtas Phoblacht na Cróite. Glacfaidh na comhaltá den Chomhairle atá ionadaitheach do Rialtas na hÉireann agus do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt i gcinneadh den sórt sin a mhéid a bhaineann sé leis na forálacha de chuid *acquis* Schengen agus leis na gníomhartha atá ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, ina bhfuil na Ballstáit sin rannpháirteach.

Airteagal 5

Beidh an Chróit rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstát a bhfuil maolú aige de réir bhrí Airteagal 139 CFAE.

Airteagal 6

1. Beidh na comhaontuithe a thug an tAontas i gcrích nó a chuir sé i bhfeidhm go sealadach le tríú tír amháin nó níos mó, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de chuid tríú tír ina gceangal ar an gCróit faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí bunaidh agus san Ionstraim seo.

2. Gabhann an Chróit uirthi féin aontú, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Ionstraim seo, do na comhaontuithe a rinne na Ballstáit láithreacha agus an tAontas a thabhairt i gcrích nó a shíniú le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

Mura bhforáiltear a mhalairt i gcomhaontuithe sonracha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar aontachas na Cróite le comhaontuithe den sórt sin a chomhaontú trí phrótacal leis na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír nó na tríú tíortha nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht. Déanfaidh an Coimisiún, nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí) i gcás ina mbainfidh an comhaontú go heisiach nó go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, na prótacail sin a chaibidil thar ceann na mBallstát ar bhonn treoracha caibidlíochta a fhorhmheasfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, agus i gcomhairle le coiste ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát. Déanfaidh an Coimisiún, nó an tArdionadaí, de réir mar is iomchuí, dréachtaí de na prótacail a thíolacadh don Chomhairle lena dtabhairt i gcrích.

Ní dochar an nós imeachta seo d'fheidhmiú inniúlachtaí dílse an Aontais ná ní dhéanann sé difear do chionroinnt na gcumhachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit i dtaca le comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích sa todhchaí nó aon leasuithe eile nach mbaireann leis an aontachas.

3. Amhail ó dháta an aontachais, agus go dtí go dtiocfaidh na prótacail is gá dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 2 i bhfeidhm, cuirfidh an Chróit i bhfeidhm forálacha na gcomhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 agus a tugadh i gcrích nó a cuireadh i bhfeidhm go sealadach roimh dháta an aontachais, amach ón gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine⁽¹⁾.

Go dtí go dtiocfaidh na prótacail dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 2 i bhfeidhm, déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach de mar is iomchuí faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, aon bheart is iomchuí a ghlacadh.

4. Aontaíonn an Chróit don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltá Ghrúpa Stát na hAfraice, na Mara Cairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a síníodh in Cotonou an 23 Meitheamh 2000⁽²⁾, agus don dá chomhaontú lena leasaítear an Comhaontú sin, a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005⁽³⁾ agus a osclaíodh lena síníú in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010⁽⁴⁾, faoi seach.

5. Gabhann an Chróit uirthi féin aontú, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Ionstraim seo, don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch⁽⁵⁾, i gcomhréir le hAirteagal 128 den Chomhaontú sin.

6. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an Chróit na comhaontuithe agus na socraíochtaí déthaobhacha teicstíle a tugadh i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha a chur i bhfeidhm.

⁽¹⁾ IO L 114, 30.4.2002, lch. 6.

⁽²⁾ IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

⁽³⁾ IO L 209, 11.8.2005, lch. 27, IO L 287, 28.10.2005, lch. 4 agus IO L 168M, 21.6.2006, lch. 33.

⁽⁴⁾ IO L 287, 4.11.2010, lch. 3.

⁽⁵⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

Déanfar na srianta cainníochtúla a chuireann an tAontas i bhfeidhm ar allmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh a oiriúnú chun aontachas na Cróite leis an Aontas a chur san áireamh. Chuige sin, féadfaidh an tAontas leasuithe ar na comhaontuithe agus na socruithe déthaobhacha teicstíle dá dtagraítear sa chéad fhómhír a chaibidil leis na tríú tíortha i dtrácht roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus na socruithe déthaobhacha teicstíle tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, déanfaidh an tAontas na hoiriúnuithe is gá ar a rialacha maidir le táirgí teicstíle agus éadaigh a allmhairiú ó thríú tíortha chun aontachas na Cróite a chur san áireamh.

7. Déanfar na srianta cainníochtúla a chuireann an tAontas i bhfeidhm ar allmhairí cruach agus táirgí cruach a oiriúnú ar bhonn allmhairí cruach agus táirgí cruach ag an gCróit sna blianta deireanacha, ar cruach í agus ar táirgí curacha iad de bhunadh na dtíortha is soláthraithe i dtrácht.

Chuige sin, déanfar na leasuithe is gá ar na comhaontuithe agus na socruithe déthaobhacha cruach a tugadh i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha a chaibidil roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus na socruithe déthaobhacha tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, beidh feidhm ag forálacha na chéad fhómhíre.

8. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an tAontas comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích idir an Chróit agus tríú tíortha roimh an dáta sin a bhainistiú.

Ní dhéanfar difear do na cearta ná na hoibleagáidí don Chróit a leanann ó na comhaontuithe sin i rith na tréimhse ar lena linn a bheidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

A thúisce is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhómhír do dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na cinní iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a thig as na comhaontuithe sin, lena n-áirítear gur féidir comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach faide ná bliain amháin.

9. Tarraingeoidh an Chróit siar ó aon chomhaontuithe saorthrádála le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa arna leasú.

Sa mhéid nach bhfuil comhaontuithe idir an Chróit, de pháirt, agus tríú tír amháin nó níos mó, den pháirt eile ag luí leis na hoibleagáidí a thig as an Ionstraim seo, déanfaidh an Chróit gach beart iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhlúim

cruthaithe. Má bhaineann deacrachtaí don Chróit le linn oiriúnú a dhéanamh ar chomhaontú a tugadh i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó, tarraingeoidh sí siar ón gcomhaontú sin.

Glacfaidh an Chróit na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí na míre seo amhail ar dháta an aontachais.

10. Faoi na coinníollacha a leagtar síos san Ionstraim seo, aontaíonn an Chróit do na comhaontuithe inmheánacha a thug na Ballstáit láithreacha i gcrích chun na comhaontuithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 a chur chun feidhme.

11. Glacfaidh an Chróit, más gá, bearta iomchuí chun a seasamh i ndáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta sin ar páirtithe iontu freisin an tAontas nó na Ballstáit eile a oiriúnú do na cearta agus do na hoibleagáidí a eascraíonn as aontachas na Cróite leis an Aontas.

Tarraingeoidh an Chróit siar go háirithe ó chomhaontuithe idirnáisiúnta agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta iascaigh ar páirtí iontu freisin an tAontas, mura rud é gur le hábhair seachas iascach a bhaineann a comhaltas.

Glacfaidh an Chróit na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí na míre seo amhail ar dháta an aontachais.

Airteagal 7

1. Mura bhforáiltear a mhalairt inti, ní fhéadfar forálacha na hIonstraime seo a fhionraí, a leasú ná a aisghairm seachas tríd an nós imeachta a leagtar síos sna Conarthaí bunaidh lena gcumasaítear na Conarthaí sin a athbhreithniú.

2. Coinneoidh gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí lena mbaineann na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos san Ionstraim seo a stádas dlítheanach; go háirithe, leanfaidh na nósanna imeachta chun na gníomhartha sin a leasú d'fheidhm a bheith acu.

3. Na forálacha den Ionstraim seo arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí a aisghairm nó a leasú, ach amháin má tá bearta den sórt sin de chineál trasdula, beidh an stádas dlítheanach céanna acu atá ag na forálacha a aisghairtear nó a leasaítear leo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna a bhfuil na forálacha sin faoina réir.

Airteagal 8

Mar bheart idirthréimhseach, beidh cur i bhfeidhm na gConarthaí bunaidh agus na ngníomhartha a ghlac na hinstitiúidí faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear san Ionstraim seo.

CUID A DÓ

OIRIÚNUITHE AR NA CONARTHAÍ

TEIDEAL I

FORÁLACHA INSTITUTEACHA

Airteagal 9

Leasaítear an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE, le CFAE agus le Conradh CEFA, mar a leanas:

- (1) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna gach trí bliana, athrófar ceithre Bhreitheamh déag.”.

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48:

“Airteagal 48

Ocht mBreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Ghinearálta.”.

Airteagal 10

Leasaítear an Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, mar a leanas:

- (1) Sa chéad fhomhír d’Airteagal 4(1):

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

“1. Is é is caipiteal don Bhanc 233 247 390 000 EUR, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas:”;

- (b) cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an Rómáin agus leis an tSlóvaic:

“An Chróit 854 400 000”.

- (2) In Airteagal 9(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír:

“2. Naoi stiúrthóir is fiche agus naoi stiúrthóir mhalartacha déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát, agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Beilge, ag Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ag Ríocht na hÍsiltíre,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach, ag Éirinn agus ag an Rómáin,

— beirt mhalartach arna ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na hEastóine, ag Poblacht na Laitvia, ag Poblacht na Liotuáine, ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,

— ceathrar malartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na Bulgáire, ag Poblacht na Seice, ag Poblacht na Cróite, ag Poblacht na Cipire, ag Poblacht na hUngáire, ag Poblacht Mhálta, ag Poblacht na Polainne, ag Poblacht na Slóivéine agus ag Poblacht na Slóvaice,

— malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.”.

Airteagal 11

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d’Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA maidir le comhdhéanamh an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil:

“2. Dhá chomhalta is daichead a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.”.

TEIDEAL II

OIRIÚNUTHE EILE

Airteagal 12

In Airteagal 64(1) CFAE, cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

“I ndáil le srianta atá ann faoin dlí náisiúnta sa Chróit, is é an dáta ábhartha an 31 Nollaig 2002.”.

Airteagal 13

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 52(1) CAE:

“1. Beidh feidhm ag na Conarthaí maidir le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Bulgáire, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, le hÉirinn, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le Poblacht na Cróite, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Cipire, le Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le hArd-Diúcacht Lucsamburg, le Poblacht na hUngáire, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, leis an Rómáin, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne, le Ríocht na Sualainne agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.”.

Airteagal 14

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 55(1) CAE:

“1. Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de na Stáit Shínitheacha.”.

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d’Airteagal 225 de Chonradh CEFA:

“De bhun na gConarthaí Aontachais, is téacsanna údarásacha iad freisin na leaganacha den Chonradh seo sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Ghaeilge, sa Ghréigis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris.”.

CUID A TRÍ

BUANFHORÁLACHA

Airteagal 15

Déanfar na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III a oiriúnú mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 16

Déanfar na bearta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 17

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha den Ionstraim seo a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta ar oiriúnaithe iad a d’fhéadfadh a bheith riachtanach de bharr modhnú ar rialacha an Aontais.

CUID A CEATHAIR

FORÁLACHA SEALADACHA

TEIDEAL I

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Airteagal 18

Maidir leis na bearta a liostaítear in Iarscríbhinn V, beidh feidhm acu i leith na Cróite faoi na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

TEIDEAL II

FORÁLACHA INSTITUTEACHA

Airteagal 19

1. De mhaolú ar Airteagal 2 den Phrótocal maidir le forálacha idirthréimhseacha atá i gceangal le CAE, le CFAE agus le Conradh CEFA agus de mhaolú ar an líon uasta suíochán dá bhforáiltear sa chéad fhómhír d'Airteagal 14(2) CAE, déanfar líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa a mhéadú de 12 chomhalta ón gCróit, chun aontachas na Cróite a chur san áireamh, i rith na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí deireadh théarma 2009-2014 de Pharlaimint na hEorpa.

2. De mhaolú ar Airteagal 14(3) CAE, déanfaidh an Chróit, roimh dháta an aontachais, toghcháin *ad hoc* do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach ag a pobal a chur ar siúl don líon comhaltaí a shocraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir le *acquis* an Aontais. Más rud é, áfach, gur luaithe dáta an aontachais ná sé mhí roimh na chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa, féadfaidh Parlaimint náisiúnta na Cróite na comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a bheith ionadaitheach do shaoránaigh na Cróite a ainmniú as a measc, ar an gcoinníoll go ndearnadh na daoine lena mbaineann a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach.

Airteagal 20

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(3) den Phrótocal maidir le forálacha idirthréimhseacha atá i gceangal le CAE, le CFAE agus le Conradh CEFA:

“3. Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, gan dochar don dara fómhír d'Airteagal 235(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Le haghaidh ghníomhartha na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle nach foláir tromlach cáilithe dóibh, déanfar vótaí na gcomhaltaí a ualú mar a leanas:

An Bheilg	12
An Bhulgáir	10
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	7
An Ghearmáin	29
An Eastóin	4
Éire	7
An Ghréig	12
An Spáinn	27
An Fhrainc	29
An Chróit	7
An Iodáil	29
An Chipir	4
An Laitvia	4

An Liotuáin	7
Lucsamburg	4
An Ungáir	12
Málta	3
An Ísiltír	13
An Ostair	10
An Pholainn	27
An Phortaingéil	12
An Rómáin	14
An tSlóivéin	4
An tSlóvaic	7
An Fhionlainn	7
An tSualainn	10
An Ríocht Aontaithe	29

Glacfar gníomhartha má tá 260 vóta ar a laghad ina bhfabhar, ar líon é atá in ionannas le tromlach na gcomhaltaí nuair is gá faoi na Conarthaí iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. I gcásanna eile glacfar cinntí má tá 260 vóta ar a laghad ina bhfabhar, ar líon é atá in ionannas le dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí.

Féadfaidh comhalta den Chomhairle Eorpach nó den Chomhairle a iarraidh, nuair a ghlacfaidh an Chomhairle Eorpach nó an Chomhairle gníomh trí thromlach cáilithe, go ndéanfar a fhíorú go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62 % ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más amhlaidh nach mar sin atá, ní ghlacfar an gníomh.”.

Airteagal 21

1. Ceapfar náisiúnach de chuid na Cróite don Choimisiún amhail ó dháta an aontachais go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014. Ceapfaidh an Chomhairle an Comhalta nua den Choimisiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe agus de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa dara fómhír d'Airteagal 17(3) CAE.

2. Rachaidh téarma oifige an Chomhalta a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gComhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

Airteagal 22

1. Téarma oifige an Bhreithimh den Chúirt Bhreithiúnais agus téarma oifige an Breithimh den Chúirt Ghinearálta a cheapfar as an gCróit tráth a haontachais i gcomhréir leis an tríú fómhír d'Airteagal 19(2) CAE, rachaidh siad in éag an 6 Deireadh Fómhair 2015 agus an 31 Lúnasa 2013 faoi seach.

2. Chun breithiúnas a thabhairt i gcásanna a bheidh ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta ar dháta an aontachais agus ar tionscnaíodh imeachtaí ó bhéal ina leith roimh an dáta sin, is sa chomhdhéanamh a bhí orthu roimh an aontachas a shuífidh cúirteanna iomlána na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta nó Dlísheomraí na gCúirteanna sin agus cuirfidh siad na Rialacha Nós Imeachta i bhfeidhm a bhí i bhfeidhm an lá roimh dháta an aontachais.

Airteagal 23

1. De mhaolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 301 CFAE lena mbunaítear líon uasta comhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7 den Phrótocal maidir le forálacha idirthréimhseacha atá i gceangal le CAE, le CFAE agus le Conradh CEFA:

“Airteagal 7

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 301 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, is mar seo a leanas a chionroinnfear comhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta:

An Bheilg	12
An Bhulgáir	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Eastóin	7
Éire	9
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
An Chróit	9
An Iodáil	24
An Chipir	6
An Laitvia	7
An Liotuáin	9
Lucsamburg	6
An Ungáir	12
Málta	5
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Pholainn	21
An Phortaingéil	12
An Rómáin	15
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	9
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24”

2. D'fhonn aontachas na Cróite a chur san áireamh, méadófar ar líon chomhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta go dtí 353 ar bhonn sealadach don tréimhse ó dháta an aontachais go dtí deireadh an téarma oifige ar lena linn a aontóidh an Chróit don Aontas, nó go dtí teacht i bhfeidhm an chinnidh dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 301 CFAE, cibé acu is luaithe.

3. Más rud é go mbeidh an cinneadh dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 301 CFAE glactha cheana faoi dháta an aontachais, de mhaolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 301 CFAE ag bunú líon uasta chomhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta, cionroinnfear líon iomchuí comhaltaí ar an gCróit ar bhonn sealadach go dtí deireadh an téarma oifige ar lena linn a aontóidh sí don Aontas.

Airteagal 24

1. De mhaolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 305 CFAE ag bunú líon uasta chomhaltaí Choiste na Réigiún, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8 den Phrótocal maidir le forálacha idirthréimhseacha atá i gceangal le CAE, le CFAE agus le Conradh CEFA:

“Airteagal 8

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 305 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, is mar seo a leanas a chionroinnfear comhaltaí Choiste na Réigiún:

An Bheilg	12
An Bhulgáir	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Eastóin	7
Éire	9
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
An Chróit	9
An Iodáil	24
An Chipir	6
An Laitvia	7
An Liotuáin	9
Lucsamburg	6
An Ungáir	12
Málta	5
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Pholainn	21
An Phortaingéil	12
An Rómáin	15

An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	9
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24"

2. D'fhonn aontachas na Cróite a chur san áireamh, méadófar ar líon chomhaltaí Choiste na Reigiún go dtí 353 ar bhonn sealadach don tréimhse ó dháta an aontachais go dtí deireadh an téarma oifige ar lena linn a aontóidh an Chróit don Aontas, nó go dtí teacht i bhfeidhm an chinnidh dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 305 CFAE, cibé acu is luaithe.

3. Más rud é go mbeidh an cinneadh dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 305 CFAE glactha cheana faoi dháta an aontachais, de mhaolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 305 CFAE ag bunú líon uasta chomhaltaí Choiste na Réigiún, cionroinnfear líon iomchuí comhaltaí ar an gCróit ar bhonn sealadach go dtí deireadh an téarma oifige ar lena linn a aontóidh sí don Aontas.

Airteagal 25

Téarma oifige an stiúrthóra ar Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a ainmneoidh an Chróit agus a cheapfar ar an aontachas de réir mar a fhoráiltear sa dara

fomhír d'Airteagal 9(2) den Phrótagal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, rachaidh sé in éag ag deireadh chruinniú bliantúil an Bhoird Gobharnóirí a mbeidh an tuarascáil bhliantúil don bhliain airgeadais 2017 á scrúdú lena linn.

Airteagal 26

1. Déanfar comhaltaí nua de na coistí, na meithleacha, na gníomhaireachtaí nó na comhlachtaí eile a cruthaíodh leis na Conarthaí bunaidh nó le gníomh de chuid na n-institiúidí a cheapadh faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos do cheapadh chomhaltaí na gcoistí, na meithleacha, na ngníomhaireachtaí nó na gcomhlachtaí eile sin. Rachaidh téarmaí oifige na gcomhaltaí nuaceaptha in éag i gcomhthráth le téarmaí oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. Déanfar comhaltas na gcoistí, na meithleacha, na ngníomhaireachtaí nó na comhlachtaí eile a cruthaíodh leis na Conarthaí bunaidh nó le gníomh de chuid na n-institiúidí a ndéantar líon a gcomhaltaí a shocrú gan spleáchas do líon na mBallstát, a athnuachan go hiomlán ar an aontachas, mura rachaidh téarmaí oifige na gcomhaltaí láithreacha in éag laistigh de 12 mhí ón aontachas.

TEIDEAL III

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 27

1. Ó dháta an aontachais, íocfaidh an Chróit an méid seo a leanas a fhreagraíonn dá scair den chaipiteal arna íoc isteach le haghaidh an chaipitil shuibscríofa arna shainiú in Airteagal 4 de Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta:

An Chróit EUR 42 720 000

Íocfar an ranníocaíocht sin ina hocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite an 30 Samhain 2013, an 30 Samhain 2014, an 30 Samhain 2015, an 31 Bealtaine 2016, an 30 Samhain 2016, an 31 Bealtaine 2017, an 30 Samhain 2017 agus an 31 Bealtaine 2018.

2. Ranníocfaidh an Chróit, in ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí dá bhforáiltear i mír 1, leis na cúlchistí agus na soláthairtí atá coibhéseach le cúlchistí, mar aon leis an méid atá le leithreasú fós ar na cúlchistí agus na soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, a bhunófar ag deireadh na míosa roimh an aontachas, mar a iontrálfar i gclár comhardaithe an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, i méideanna a fhreagraíonn don chéatadán seo a leanas de na cúlchistí agus soláthairtí:

An Chróit 0,368 %

3. An caipiteal agus na híocaíochtaí dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2, íocfaidh an Chróit iad in airgead tirim in

euro ach amháin i gcás maolaithe a chinnfidh Bord Gobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta d'aon toil.

4. Féadfar na figiúirí don Chróit dá dtagraítear i mír 1 agus i bpointe 1 d'Airteagal 10 freisin a oiriúnú le cinneadh ó chomhlachtaí rialaithe an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ar bhun na sonraí deiridh OTI is déanaí a fhoilseoidh Eurostat roimh an aontachas.

Airteagal 28

1. Íocfaidh an Chróit an méid seo a leanas leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach dá dtagraítear i gCinneadh 2002/234/CEGC ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 27 Feabhra 2002 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach⁽¹⁾:

(EUR, praghsanna reatha)

An Chróit 494 000.

2. Déanfar an ranníocaíocht don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ina ceithre thráthchuid ag tosú in 2015 agus íocfar mar a leanas iad, i ngach cás ar an gcéad lá oibre den chéad mhí de gach bliain:

⁽¹⁾ IO L 79, 22.03.2002, lch. 42.

- 2015: 15 %
- 2016: 20 %
- 2017: 30 %
- 2018: 35 %.

Airteagal 29

1. Déanfaidh gníomhaireachtaí cur chun feidhme na Cróite bainistíú amháil ó dháta an aontachais ar sholáthar, ar bhronnadh deontas agus ar íocaíochtaí le haghaidh cúnamh airgeadais réamhaontachais faoi na Comhchodanna den Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR) maidir le Cúnamh Trasdula agus Tógáil Institiúidí agus maidir le Comhar Trasteorann, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 ⁽¹⁾, le haghaidh cistí a mbeidh tiomantas tugtha ina leith roimh an aontachas, seachas cláir trasteorann na Cróite-na hUngáire agus na Cróite-na Slovéine, agus le haghaidh cúnamh faoin Áis Trasdula dá dtagraítear in Airteagal 30.

Déanfar rialú *ex ante* an Choimisiúin ar sholáthar agus ar bhronnadh deontas a tharscaoileadh le cinneadh ón gCoimisiún chuige sin, tar éis don Choimisiún feidhmiú éifeachtach an chórais bainistíochta agus rialaithe i dtrácht a dheimhniú dó féin i gcomhréir leis na critéir agus leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 56(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ⁽²⁾ agus in Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 718/2007 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2007 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR) ⁽³⁾.

Más rud é, roimh dháta an aontachais, nár glacadh an cinneadh ón gCoimisiún rialú *ex ante* a tharscaoileadh, ní bheidh aon chonarthaí a shíneofar idir dáta an aontachais agus an dáta a ghlacfar an cinneadh ón gCoimisiún incháilithe faoin gcúnamh airgeadais réamhaontachais ná faoin Áis Trasdula dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Tiomantais bhuiséadacha a dhéanfar roimh dháta an aontachais faoin gcúnamh airgeadais réamhaontachais agus faoin Áis Trasdula dá dtagraítear i mír 1, lena n-airítear tiomantais dhlí-thiúla leithleacha a dhéanfar ina dhiaidh sin agus íocaíochtaí a dhéanfar i ndiaidh an aontachais a thabhairt i gcrích agus a chlárú, leanfaidh siad de bheith faoi rialú ag na rialacha is infheidhme maidir leis na hionstraimí airgeadais réamhaontachais agus de bheith á muireachú i leith na gcaibidlí buiséadacha comhfhreagracha go dtí go gcuirfear clabhsúr leis na cláir agus na tionscadail i dtrácht.

3. Na forálacha maidir le cur chun feidhme tiomantas buiséadacha comhaontuithe maoinithe a bhainfidh leis an gcúnamh airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 agus Comhchuid ICR maidir le Forbairt Tuaithe, a bhaineann le cinntí maoinithe arna nglacadh roimh an aontachais, leanfaidh siad de bheith infheidhme tar éis dháta an aontachais. Beidh siad á rialú ag na rialacha is infheidhme

maidir leis na hionstraimí airgeadais réamhaontachais. Dá ainneoin sin, déanfar nósanna imeachta um sholáthar poiblí a thionscnófar tar éis an aontachais a chur i gcrích i gcomhréir leis na treoracha ábhartha de chuid an Aontais.

4. Féadfar tiomantais a dhéanamh sa chéad dá bhliain tar éis an aontachais i leith cistí réamhaontachais chun caiteachas riaracháin, dá dtagraítear in Airteagal 44, a chumhdach. Féadfar tiomantais a dhéanamh suas le cúig bliana tar éis an aontachais i leith cistí réamhaontachais, i dtaca le costais iniúchóireachta agus measúnachta.

Airteagal 30

1. Ar feadh na chéad bhliana tar éis an aontachais, soláthróidh an tAontas cúnamh airgeadais sealadach (dá ngairtear an “Áis Trasdula” anseo feasta) don Chróit ar mhaithe lena cumas riaracháin agus breithiúnach a fhorbairt agus a neartú chun dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus ar mhaithe le malartú an dea-chleachtais idir piaraí a chothú. Cisteofar leis an gcúnamh sin tionscadail tógála institiúidí agus infheistíochtaí teoranta mionscála a bheidh coimhdeach leo.

2. Cuirfear cúnamh ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an ngá leanúnach atá ann cumas institiúideach a neartú i réimsí áirithe trí ghníomhaíocht nach féidir a mhaoiniú trí na Cistí Struchtúracha ná trí na Cistí Forbartha Tuaithe.

3. I gcás tionscadal um nascadh idir riaracháin phoiblí d’fhonn institiúidí a thógáil, leanfaidh an nós imeachta chun tograí a ghlaoch trí ghréasán na bpointí tadhaill sna Ballstáit d’fheidhm a bheith aige.

4. Is é EUR 29 milliún san iomlán in 2013, de réir praghsanna reatha, na leithreasáil tiomantais don Áis Trasdula le haghaidh na Cróite chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus cothrománacha.

5. Déanfar cúnamh faoin Áis Trasdula a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle nó ar bhonn forálacha teicniúla eile is gá le haghaidh oibriú na hÁise Trasdula, a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún.

6. Maidir le comhlántacht iomchuí le tacaíocht bheartaithe Chiste Sóisialta na hEorpa i ndáil le hathchóiriú riaracháin agus le cumas institiúideach, tabharfar aird ar leith ar í a chinntiú.

Airteagal 31

1. Cruthaítear leis seo Áis Schengen (dá ngairtear “Áis shealadach Schengen” anseo feasta) mar ionstraim shealadach d’fhonn cuidiú leis an gCróit idir dáta an aontachais agus deireadh 2014 chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d’fhonn *acquis* Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme.

2. Le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2014, cuirfear na méideanna seo a leanas (praghsanna reatha) ar fáil don Chróit i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime faoi Áis shealadach Schengen:

⁽¹⁾ IO L 210, 31.7.2006, lch. 82.

⁽²⁾ IO L 248 19.9.2002, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 170, 29.6.2007, lch. 1.

(EUR milliún, praghsanna reatha)

	2013	2014
An Chróit	40	80

3. Beidh an méid bliantúil do 2013 iníoctha leis an gCróit an 1 Iúil 2013 agus cuirfear an méid bliantúil do 2014 ar fáil ar an gcéad lá oibre tar éis 1 Eanáir 2014.

4. Úsáidfear na híocaíochtaí cnapshuime laistigh de thrí bliana ón gcéad íocaíocht. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an tréimhse sin trí bliana do dhul in éag, déanfaidh an Chróit tuarascáil chuimsitheach a thíolacadh ar fheidhmiú críochnaitheach na n-íocaíochtaí faoi Áis shealadach Schengen maille le ráiteas ag fírinniú an chaiteachais. Aisghabhfaidh an Coimisiún aon chistí nár caitheadh nó a caitheadh gan bonn cirt.

5. Féadfaidh an Coimisiún aon fhorálacha teicniúla a ghlacadh is gá chun Áis shealadach Schengen a oibriú.

Airteagal 32

1. Cruthaítear leis seo Áis Sreafa Airgid Thirim (dá ngairtear “an Áis shealadach Sreafa Airgid Thirim” anseo feasta) mar ionstraim shealadach d’fhonn cuidiú leis an gCróit idir dáta an aontachais agus deireadh 2014 chun feabhas a chur ar shreabhadh airgid thirim sa bhuiséad náisiúnta.

2. Le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2014, cuirfear na méideanna seo a leanas (praghsanna reatha) ar fáil don Chróit i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime faoin Áis shealadach Sreafa Airgid Thirim:

(EUR milliún, praghsanna reatha)

	2013	2014
An Chróit	75	28,6

3. Roinnfear gach méid bliantúil ina ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite ar an gcéad lá oibre de gach mí.

Airteagal 33

1. Foirchoimeádfar méid EUR 449,4 milliún (praghsanna reatha) i leithreasáí tiomantas faoi chomhair na Cróite faoi na Cistí Struchtúracha agus Comhtháthaithe in 2013.

2. Foirchoimeádfar aon trian amháin den mhéid dá dtagraítear i mír 1 don Chiste Comhtháthaithe.

3. Le haghaidh na tréimhse a chumhdófar leis an gcéad chreat airgeadais eile, déanfar na méideanna atá le cur ar fáil don Chróit i leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí faoin gcistiú Struchtúracha agus Comhtháthaithe a ríomh ar bhonn *acquis* an Aontais is infheidhme an tráth sin. Déanfar na méideanna sin a oiriúnú i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas maidir le céimniú isteach:

— 70 % in 2014,

— 90 % in 2015,

— 100 % amhail ó 2016.

4. A mhéid a cheadófar sin le teorainneacha *acquis* nua an Aontais, déanfar oiriúnú d’fhonn a áirithiú go ndéanfar méadú 2,33 oiread ar mhéid 2013 ar na cistí don Chróit sa bhliain 2014 agus go ndéanfar méadú 3 oiread ar mhéid 2013 sa bhliain 2015.

Airteagal 34

1. Is é an méid iomlán a chuirfear ar fáil don Chróit faoin gCiste Eorpach Iascaigh in 2013 EUR 8,7 milliún (praghsanna reatha) i leithreasáí tiomantas.

2. Is é 25 % den mhéid iomlán dá dtagraítear i mír 1 méid an réamh-mhaoinithe a bheidh i gceist faoin gCiste Eorpach Iascaigh agus íocfar an méid sin in aon tráthchuid amháin.

3. Le haghaidh na tréimhse a chumhdófar leis an gcéad chreat airgeadais eile, déanfar na méideanna atá le cur ar fáil don Chróit i leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí a ríomh ar bhonn *acquis* an Aontais is infheidhme an tráth sin. Déanfar na méideanna sin a oiriúnú i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas maidir le céimniú isteach:

— 70 % in 2014,

— 90 % in 2015,

— 100 % amhail ó 2016.

4. A mhéid a cheadófar sin le teorainneacha *acquis* nua an Aontais, déanfar oiriúnú d’fhonn a áirithiú go ndéanfar méadú 2,33 oiread ar mhéid 2013 ar na cistí don Chróit sa bhliain 2014 agus go ndéanfar méadú 3 oiread ar mhéid 2013 sa bhliain 2015.

Airteagal 35

1. Ní bheidh feidhm maidir leis an gCróit ag Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ⁽¹⁾, i rith na tréimhse clárúla iomlán 2007-2013.

Sa bhliain 2013, cionroinnfear EUR 27,7 milliún (praghsanna reatha) ar an gCróit faoin gComhchuid maidir le Forbairt Tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle.

2. Leagtar amach bearta sealadacha breise maidir le forbairt tuaithe don Chróit in Iarscríbhinn VI.

⁽¹⁾ IO L 277, 21.10.2005, lch. 1 agus IO L 286M, 4.11.2010, lch. 26.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhfuil gá leo le haghaidh chur i bhfeidhm Iarscríbhinn VI a ghlacadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 90(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle i gcomhar le hAirteagal 13(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú ag na

Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ⁽²⁾ nó i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme é.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, aon oiriúnuithe is gá ar Iarscríbhinn VI chun comhchuibheas a áirithiú leis na rialacháin a bhaineann le forbairt tuaithe.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA EILE

Airteagal 36

1. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar na tiomantais uile arna gabháil uirthi féin ag an gCróit le linn na caibidlíochta aontachais, lena n-áirítear na tiomantais sin nach mór a chomhlíonadh roimh dháta an aontachais nó faoin dáta sin. Áireofar ar an bhfaireachán a dhéanfaidh an Coimisiún táblaí faireacháin a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta, agallamh faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Cróite den pháirt eile ⁽¹⁾ (dá ngairtear an “CCC” anseo feasta), misin measúnaithe piaraí, an clár eacnamaíoch réamhaontachais, fógraí fioscacha agus, nuair is gá, litreacha réamhrabhaidh chuig údarais na Cróite. I bhfómhar 2011, déanfaidh an Coimisiún Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. I bhfómhar 2012, déanfaidh sé Tuarascáil Chuimsitheach Faireacháin a chur faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa. Le linn an phróisis faireacháin, bainfidh an Coimisiún leas freisin as ionchur ó Bhallstáit agus cuirfidh sé ionchur ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta san áireamh de réir mar is iomchuí.

Díreofar leis an bhfaireachán a dhéanfaidh an Coimisiún ar na tiomantais arna ngabháil uirthi féin ag an gCróit i réimse na breithiúnachta agus na gceart bunúsach go háirithe (Iarscríbhinn VII), lena n-áirítear forbairt leanúnach a dhéanamh ar a bhfuil déanta aici maidir le hathchóiriú breithiúnach agus maidir le héifeachtúlacht bhreithiúnach, maidir le láimhseáil neamhlaonta ar chásanna coireanna cogaidh, agus maidir le leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe.

Ina theannta sin, díreofar leis an bhfaireachán a dhéanfaidh an Coimisiún ar réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, lena n-áirítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú cheanglais an Aontais maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha, maidir leis an gcomhar póilíneachta, maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, agus maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair sibhialta agus in ábhair choiriúla, agus ar thiomantais i réimse an bheartais iomaíochta, lena n-áirítear athstruchtúrú an tionscail longthógála (Iarscríbhinn VIII) agus earnáil na cruach (Iarscríbhinn IX).

Mar dhlúthchuid dá tháblaí agus dá thuarascálacha tráthrialta faireacháin, eiseoidh an Coimisiún measúnuithe leathbhliantúla sa tréimhse roimh aontachas na Cróite maidir leis na tiomantais arna ngabháil uirthi féin ag an gCróit sna réimsí sin.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí throllach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, gach beart iomchuí a dhéanamh i gcás ina ndéanfar ábhair inní a shainaitheint le linn an phróisis faireacháin. Ní choimeádfar na bearta ar bun go ceann tréimhse is faide ná mar a bheidh fíor-riachtanach agus, ar aon chuma, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, iad a fhoirceannadh, nuair a bheidh aghaidh tugtha go héifeachtach ar na hábhair inní ábhartha.

Airteagal 37

1. Más rud é, go dtí deireadh tréimhse suas le trí bliana tar éis an aontachais, go dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn atá tromchúiseach agus gur dóigh go leanfaidh siad ar aghaidh in aon earnáil den gheilleagar nó deacrachtaí a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thabhairt i gcion ar staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh an Chróit iarratas a dhéanamh ar údarú d'fhonn bearta cosanta a ghlacadh d'fhonn an staid sin a cheartú agus an earnáil i dtrácht a choigeartú de réir gheilleagar an mhargaidh inmheánaigh.

Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, sna himthosca céanna, iarratas a dhéanamh ar údarú d'fhonn bearta cosanta a ghlacadh i dtaca leis an gCróit.

2. Ar iarraidh a fháil ón Stát i dtrácht, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála, na bearta cosanta a chinneadh a mheasfaidh sé is gá agus sonrúidh sé na coiníollacha agus na socruithe is infheidhme ina leith.

I gcás deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha agus ar iarraidh shainráite a fháil ón mBallstát i dtrácht, gníomhóidh an Coimisiún laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh, agus an fhaisnéis chúlra ábhartha ina teannta, a fháil. Beidh na bearta a chinnfear amhlaidh infheidhme láithreach, cuirfear san áireamh leo leas na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

3. Féadfaidh maoluithe a bheith sna bearta atá údaraithe faoin Airteagal seo ar rialacha CAE, CFAE agus na hIonstraime seo go feadh cibé méid agus go ceann cibé tréimhsí a bheidh fíor-riachtanach chun cuspóirí na coimirce seo a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a shuaithefidh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

⁽¹⁾ OJ L 26, 28.1.2005, lch. 3.

⁽²⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

Airteagal 38

Más rud é go mainníonn an Chróit tiomantais a ghabhadh ar láimh i gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais a chomhlíonadh, lena n-áirítear tiomantais i dtaca le haon bheartas earnálach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil éifeacht trasteorann leo, agus go bhfuil sé sin ina chúis le sárú tromchúiseach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, nó le bagairt ar leasanna airgeadais an Aontais nó le garbhaol go mbeidh sárú den sórt sin nó bagairt den sórt sin ann, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas le trí bliana tar éis dháta an aontachais, bearta iomchuí a ghlacadh, ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin.

Beidh na bearta sin comhréireach agus tabharfar tosaíocht leo do na bearta is lú a shuaithfidh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus, nuair is iomchuí, do chur i bhfeidhm na sársaí coimirce earnálacha atá ann. Ní agrófar na bearta coimirce faoin Airteagal seo le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar thrádáil idir Ballstáit. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú amháin roimh an aontachas ar bhonn fhionnachtana an fhaireacháin agus tiocfaidh na bearta a ghlacfar i bhfeidhm amháin ar dháta an aontachais mura bhforálfar iontu do dháta níos déanaí. Ní choimeádfar na bearta ar bun go ceann tréimhse is faide ná mar a bheidh fíor-riachtanach agus, ar aon chuma, foirceannfar iad nuair a bheidh an tiomantas ábhartha comhlíonta. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, i ndiaidh na tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír fad nach mbeidh na tiomantais ábhartha comhlíonta. Mar fhreagra ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an Chróit i gcomhlíonadh a tiomantas, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú de réir mar is iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha sula ndéanfaidh sé na bearta coimirce a chúlghairm agus cuirfidh sé san áireamh go cuí aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

Airteagal 39

Má tá easnaimh tromchúiseacha ann, nó aon gharbhaol go mbeidh easnaimh den sórt sin ann, sa Chróit i dtrasuí nó i staid chur chun feidhme na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstiúidí de bhun Chuid a Trí, Teideal V CFAE agus na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstiúidí roimh Chonradh Liospóin do theacht i bhfeidhm de bhun Theideal VI CAE nó de bhun Chuid a Trí, Teideal IV den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas le trí bliana tar éis an aontachais, ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, bearta iomchuí a ghlacadh agus na coiníollacha agus na socruithe is infheidhme ina leith a shonrú.

Féadfaidh na bearta sin a bheith i bhfoirm fionraíochta sealadaí ar chur i bhfeidhm na bhforálacha agus na gcinntí ábhartha sa chaidreamh idir an Chróit agus aon Bhallstát eile nó aon Bhallstát eile, gan dochar do leanúint den dlúthchomhar breithiúnach. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú amháin roimh an aontachas ar bhonn fhionnachtana an fhaireacháin agus tiocfaidh na bearta a ghlacfar i bhfeidhm amháin ar dháta an aontachais mura bhforálfar iontu do dháta níos déanaí. Ní

choimeádfar na bearta ar bun go ceann tréimhse is faide ná mar a bheidh fíor-riachtanach agus, ar aon chuma, foirceannfar iad nuair a leigheasfar na heasnaimh. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, i ndiaidh na tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír fad a leanfaidh na heasnaimh sin ar aghaidh. Mar fhreagra ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an Chróit i gceartú na neasnamh a shaináithneofar, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú de réir mar is iomchuí tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha sula ndéanfaidh sé na bearta coimirce a chúlghairm agus cuirfidh sé san áireamh go cuí aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

Airteagal 40

Chun nach gcuirfear treampán ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ní thiocfaidh rialuithe teorann idir Ballstáit as forfheidhmiú rialacha náisiúnta na Cróite i rith na n-idir-thréimhsí dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.

Airteagal 41

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sa Chróit go dtí an córas a leanfaidh as an gcomhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm faoi na coiníollacha a leagtar amach san Ionstraim seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margáí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha le haghaidh táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair) ⁽¹⁾ i gcomhar le hAirteagal 13(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ nó i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha arna chinneadh sa reachtaíocht is infheidhme. Féadfar na bearta sin a ghlacadh laistigh de thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus beidh a gcur i bhfeidhm teoranta don tréimhse sin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an tréimhse sin a fhadú.

Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear sa chéad mhír freisin a ghlacadh freisin roimh dháta an aontachais, más gá. Glacfaidh an Chomhairle na bearta sin ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún nó, i gcás ina ndéanfaidh siad difear d'ionstraimí arna nglacadh i dtosach ag an gCoimisiún, is é an Coimisiún a ghlacfaidh iad i gcomhréir leis na nósanna imeachta is gá chun na hionstraimí i dtrácht a ghlacadh.

Airteagal 42

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sa Chróit go dtí an córas a leanfaidh as rialacha tréidliachta, fiteasláintíochta agus sábháilteachta bia an Aontais a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha arna chinneadh sa reachtaíocht is infheidhme. Glacfar na bearta sin laistigh de thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus beidh a gcur i bhfeidhm teoranta don tréimhse sin.

⁽¹⁾ IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

Airteagal 43

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di thrí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na téarmaí a shainiú faoina bhféadfar:

- (a) an ceanglas i dtaca le dearbhú imeachta achomair a tharscaoileadh maidir leis na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 28(2) CFAE ar táirgí iad a fhágann críoch na Cróite chun críoch na Boisia agus na Heirseagaivéine a thrasnú ag Neum (“conair Neum”);
- (b) an ceanglas i dtaca le dearbhú iontrála achomair a tharscaoileadh maidir leis na táirgí a thagann faoi raon feidhme phointe (a) nuair a théann siad isteach i gcríoch na Cróite arís tar éis críoch na Boisia agus na Heirseagaivéine a thrasnú ag Neum.

Airteagal 44

Féadfaidh an Coimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcoimeádfar an fhoireann reachtúil is gá ar bun sa Chróit ar feadh ocht mí dhéag ar a mhéad i ndiaidh an aontachais. I rith na tréimhse sin, maidir le hoifigigh, foireann shealadach agus foireann chonarhach a sannadh chuig poist sa Chróit roimh an aontachas agus a gceanglófar orthu fanacht i seirbhís sa Chróit tar éis dháta an aontachais, tairbheoidh siad de na dálaí céanna airgeadais agus ábhartha a bhí á gcur i bhfeidhm roimh an aontachas i gcomhréir le Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach a leagtar síos i Rialachán (CEE, CEFA, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ⁽¹⁾. Beidh an caiteachas riaracháin, lena n-áirítear tuarastail d’fhoireann riachtanach eile, faoi chumhdach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

CUID A CÚIG

FORÁLACHA I dTAOBH AN IONSTRAIM SEO A CHUR CHUN FEIDHME

TEIDEAL I

OIRIÚNUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA nINSTITIÚIDÍ AGUS AR RIALACHA AGUS RIALACHA NÓS IMEACHTA NA gCOISTÍ*Airteagal 45*

Déanfaidh na hinstiúidí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoi seach dá bhforáiltear sna Conarthaí bunaidh, cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

A luaithe is féidir tar éis an aontachais, déanfar na hoiriúnuithe sin a mbeidh gá leo de thoradh an aontachais ar rialacha na gCoistí a bunaíodh leis na Conarthaí bunaidh.

TEIDEAL II

INFHEIDHMEACHT GHNÍOMHARTHA NA nINSTITIÚIDÍ*Airteagal 46*

Amhail ar an aontachas, measfar go ndearnadh treoracha agus cinntí de réir bhrí Airteagal 288 CFAE a dhíriú chuig an gCróit i gcomhréir leis na Conarthaí bunaidh. Ach amháin i gcás treoracha agus cinntí a tháinig i bhfeidhm de bhun an tréimhí d’Airteagal 297(1) agus an dara fómhír d’Airteagal 297(2) CFAE, measfar go bhfuair an Chróit fógra i dtaobh na dtreoracha agus na gcinntí sin amhail ón aontachas.

Airteagal 47

1. Cuirfidh an Chróit in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidh sí, ó dháta an aontachais, forálacha treoracha agus cinntí de réir bhrí Airteagal 288 CFAE, mura ndéantar foráil maidir le teorainn ama eile san Ionstraim seo. Cuirfidh an Chróit na bearta sin in iúl don Choimisiún faoi dháta an aontachais nó, más déanaí ná sin a dhéanfar amhlaidh, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear san Ionstraim seo.

⁽¹⁾ IO L 56, 04.03.1968, lch. 1.

2. A mhéid a éilíonn leasuithe a thugar isteach leis na Ionstraim seo ar threoracha de réir bhrí Airteagal 288 CFAE modhnú ar dhlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin na mBallstát láithreach, cuirfidh na Ballstáit láithreacha in éifeacht na bearta is gá chun na treoracha leasaithe a chomhlíonadh ó dháta aontachais na Cróite, mura ndéantar foráil maidir le teorainn ama eile san Ionstraim seo. Cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún faoi dháta an aontachais nó, más déanaí ná sin a dhéanfar amhlaidh, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear san Ionstraim seo.

Airteagal 48

Déanfaidh an Chóit forálacha arna leagan síos le gníomhaíocht reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ceaptha chun cosaint a áirithiú, i gcríoch na Cróite, do shláinte oibrithe agus an ghnáthphobail ar na contúirtí a thig as radaíochtaí ianúcháin a chur i bhfios don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 33 de Chonradh CEFA laistigh de thrí mhí ón aontachas.

Airteagal 49

Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a bheith tíolactha don Choimisiún ag an gCróit tráth nach déanaí ná dáta an aontachais, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, nó féadfaidh an Coimisiún más é an Coimisiún a ghlac an gníomh bunaidh, bearta a ghlacadh arb éard iad maoluithe sealadacha ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstiúidí idir an 1 Iúil 2011 agus dáta an aontachais. Glacfar na bearta i gcomhréir leis na rialacha vótála a rialaíonn glacadh an ghnímh a n-iarrtar maolú sealadach air. Má ghlactar na maoluithe sin tar éis an aontachais, féadfar iad a chur i bhfeidhm amhail ó dháta an aontachais.

Airteagal 50

Más gá gníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh roimh an aontachas a oiriúnú de thoradh an aontachais agus mura bhforáiltear do na hoiriúnuithe is gá san Ionstraim seo nó sna hIarscríbhinní a ghabhann léi, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, nó féadfaidh an Coimisiún más é an Coimisiún a ghlac an gníomh bunaidh, na gníomhartha is gá a ghlacadh chun na críche sin. Má ghlactar na gníomhartha sin tar éis an aontachais, féadfar iad a chur i bhfeidhm amhail ó dháta an aontachais.

Airteagal 51

Mura bhforáiltear a mhálairt san Ionstraim seo, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá a ghlacadh chun forálacha na hIonstraime seo a chur chun feidhme.

Airteagal 52

Amhail ó dháta an aontachais, is téacsanna údarásacha, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna arna dtarraingt suas sna teangacha oifigiúla láithreacha, na téacsanna de ghníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh roimh an aontachas agus arna dtarraingt suas ag na hinstiúidí sin sa Chróitis. Foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* má foilsíodh na téacsanna sna teangacha oifigiúla láithreacha amhlaidh.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 53

Is cuid dhílis den Ionstraim seo iad Iarscríbhinní I go IX, na Foscríbhinní a ghabhann leo agus an Prótacal.

Airteagal 54

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na hIodáile chuig Rialtas Phoblacht na Cróite cóip dheimhnithe den Chonradh ar an Aontas Eorpach, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus de na Conarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí, an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mháita,

Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, sa Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris.

Cuirfear téacsanna na gConarthaí dá dtagraítear sa chéad mhír, arna dtarraingt suas sa Chróitis, i gceangal leis an Ionstraim seo. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna na gConarthaí sin arna dtarraingt suas sna teangacha oifigiúla láithreacha na téacsanna sin.

Airteagal 55

Cuirfidh an tArdrúnaí chuig Rialtas Phoblacht na Cróite cóip dheimhnithe de na comhaontuithe idirnáisiúnta a taisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht na Comhairle.

IARSCRÍBHINN I

Liosta na gcoinbhinsiún agus na bprótacal dá n-aontaíonn Poblacht na Cróite ar an aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Ionstraim Aontachais)

1. Coinbhinsiún an 23 Iúil 1990 maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO L 225, 20.8.1990, lch. 10)
 - Coinbhinsiún an 21 Nollaig 1995 maidir le haontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO C 26, 31.1.1996, lch. 1)
 - Prótacal an 25 Bealtaine 1999 lena leasaítear Coinbhinsiún an 23 Iúil 1990 maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO C 202, 16.7.1999, lch. 1)
 - Coinbhinsiún an 8 Nollaig 2004 maidir le haontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO C 160, 30.6.2005, lch. 1)
2. Coinbhinsiún an 26 Iúil 1995, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 316, 27.11.1995, lch. 49)
 - Prótacal an 27 Meán Fómhair 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 313, 23.10.1996, lch. 2)
 - Prótacal an 29 Samhain 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le léiriú, trí réamhrialú, ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, ar an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 151, 20.5.1997, lch. 2)
 - Dara Prótacal an 19 Meitheamh 1997, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 221, 19.7.1997, lch. 12)
3. Coinbhinsiún an 26 Bealtaine 1997, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3(2)(c) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann (IO C 195, 25.6.1997, lch. 2)
4. Coinbhinsiún an 18 Nollaig 1997, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le cúnaimh frithpháirteach agus comhar idir riaracháin custaim (IO C 24, 23.1.1998, lch. 2)
5. Coinbhinsiún an 17 Meitheamh 1998, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dícháiliúcháin ón tiomáint (IO C 216, 10.7.1998, lch. 2)
6. Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, um Chúnaimh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 3)
 - Prótacal an 16 Deireadh Fómhair 2001, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnaimh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 21.11.2001, lch. 2)

IARSCRÍBHINN II

Liosta de na forálacha de chuid *acquis* Schengen arna lánpháirtíú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus de na gníomhartha atá ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, a bheidh ina gceangal ar Phoblacht na Cróite agus infheidhme inti amhail ar an aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Ionstraim Aontachais)

1. An Comhaontú dar dáta an 14 Meitheamh 1985 ⁽¹⁾ idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile.

2. Na forálacha seo a leanas den Choinbhinsiún a síníodh in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, maille leis an Ionstraim Chríochnaitheach agus na Dearbhuithe Comhpháirteacha ⁽²⁾ a bhaineann leis, arna leasú le gníomhartha áirithe de na gníomhartha a liostaítear i mír 8 den Iarscríbhinn seo:

Airteagal 1 a mhéid a bhaineann sé le forálacha na míre seo; Airteagal 26; Airteagal 39; Airteagail 44 go 49 (seachas Airteagal 47(4) agus Airteagal 49(a)), Airteagal 51, Airteagail 54 go 58; Airteagal 62(3); Airteagail 67 go 69; Airteagail 71 agus 72; Airteagail 75 agus 76; Airteagal 82; Airteagal 91; Airteagail 126 go 130 a mhéid a bhaineann siad le forálacha na míre seo; agus Airteagal 136; Dearbhuithe Comhpháirteacha 1 agus 3 den Ionstraim Chríochnaitheach.

3. Na forálacha seo a leanas de na Comhaontuithe maidir le hAontachas leis an gCoinbhinsiún a síníodh in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, maille le na nIonstraimí Chríochnaitheacha agus na Dearbhuithe a bhaineann leo, arna leasú le gníomhartha áirithe de na gníomhartha a liostaítear i mír 8 den Iarscríbhinn seo:

(a) an Comhaontú a síníodh an 19 Nollaig 1996 maidir le hAontachas Ríocht na Danmhairge:

— Airteagal 5(2) agus Airteagal 6,

(b) an Comhaontú a síníodh an 19 Nollaig 1996 maidir le hAontachas Phoblacht na Fionlainne:

— Airteagal 5,

— Dearbhú ó Rialtas Phoblacht na Fionlainne maidir le hOileáin Åland i gCuid III den Ionstraim Chríochnaitheach;

(c) an Comhaontú a síníodh an 19 Nollaig 1996 maidir le hAontachas Ríocht na Sualainne:

— Airteagal 5.

4. Na comhaontuithe agus na socrúithe seo a leanas a chuireann le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile:

— Comhaontú an 18 Bealtaine 1999 arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, lena n-áirítear na hlarscríbhinní, an Ionstraim Chríochnaitheach, na Dearbhuithe agus na Malartuithe Litreacha atá i gceangal leis, arna fhorghéille le Cinneadh 1999/439/CE ón gComhairle (IO L 176, 10.7.1999, lch. 35)

— Comhaontú an 30 Meitheamh 1999 arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le cearta agus oibleagáidí a bhunú idir Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, i réimsí de *acquis* Schengen is infheidhme maidir leis na Stáit sin, arna fhorghéille le Cinneadh 2000/29/CE ón gComhairle (IO L 15, 20.1.2000, lch. 1)

— an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a síníodh an 26 Deireadh Fómhair 2004 agus arna fhorghéille le Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle agus le Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1 agus lch. 50)

— an Prótacal idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a síníodh an 28 Feabhra 2008 agus arna fhorghéille le Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle agus Cinneadh 2011/350/AE agus Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1 agus lch. 19)

⁽¹⁾ IO L 239, 22.9.2000, lch. 13.

⁽²⁾ IO L 239, 22.9.2000, lch. 19.

- an Socrú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le modúlachtaí rannpháirteachas na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Dearbhú Comhpháirteach atá i gceangal leis, a síníodh an 1 Feabhra 2007 agus arna fhormheas le Cinneadh 2007/511/CE ón gComhairle (IO L 188, 20.7.2007, lch. 15)
 - an Socrú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, den pháirt eile, maidir le modúlachtaí rannpháirteachas na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Iarscríbhinn agus na Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal leis, a síníodh an 30 Meán Fómhair 2009 agus arna fhormheas le Cinneadh 2010/490/AE ón gComhairle (IO L 243, 16.9.2010, lch. 2)
 - an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an gCiste um Theorainneacha Seachtracha don tréimhse 2007 go 2013, lena n-áirítear na Dearbhuithe atá i gceangal leis, a síníodh an 19 Márta 2010 agus arna fhormheas le Cinneadh 2011/305/AE (IO L 137, 25.5.2011, lch. 1) ⁽¹⁾.
5. Na forálacha de na Cinntí seo a leanas (féach IO L 239, 22.9.2000, lch. 1) ón gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún a síníodh in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, arna leasú le cinn áirithe de na gníomhartha a liostaítear i mír 8 den Iarscríbhinn seo:
- SCH/Com-ex (93) 10 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 14 Nollaig 1993 maidir leis na dearbhuithe ó na hAíre agus na Státrúnaithe
 - SCH/Com-ex (93) 14 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 14 Nollaig 1993 maidir le comhar breithiúnach praiticiúil a fheabhsú chun gáinneáil ar dhruaí a chomhrac
 - SCH/Com-ex (94) 16 rev Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 21 Samhain 1994 maidir le stampaí coiteanna iontrála agus imeachta a fháil
 - SCH/Com-ex (94) 28 rev Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 maidir leis an deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 75 chun drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a iompar
 - SCH/Com-ex (94) 29 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 maidir le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme
 - SCH/Com-ex (95) 21 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 20 Nollaig 1995 maidir le sonraí staidrimh agus sonracha i dtaobh mífheidhmithe a d'fhéadfadh tarlú ag na teorainneacha seachtracha a mhalartú go tapaidh idir Stáit Schengen
 - SCH/Com-ex (98) 1 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 21 Aibreán 1998 maidir le gníomhaíochtaí an Tascfhórsa, a mhéad a bhaineann sé leis na forálacha i mír 2 den Iarscríbhinn seo
 - SCH/Com-ex (98) 26 def Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 ag bunú Buanchoiste maidir le measúnú agus cur chun feidhme Schengen
 - SCH/Com-ex (98) 37 def 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le bearta a ghlacadh chun inimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac, a mhéid a bhaineann leis na forálacha i mír 2 den Iarscríbhinn seo
 - SCH/Com-ex (98) 52 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Nollaig 1998 maidir leis an Lámhleabhar ar chomhar trasteorann póilíneartha, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 den Iarscríbhinn seo
 - SCH/Com-ex (98) 59 rev Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Nollaig 1998 maidir le comhairleoirí doiciméad a imscaradh ar dhóigh chomhordaithe
 - SCH/Com-ex (99) 1 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le cúrsaí drugaí
 - SCH/Com-ex (99) 6 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le *acquis* Schengen a bhaineann le teileachumarsáid
 - SCH/Com-ex (99) 7 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le hoifigigh idir-chaidrimh

⁽¹⁾ Fad nach mbeidh an Comhaontú sin tugtha i gcrích, a mhéid atá feidhm leis go sealadach.

- SCH/Com-ex (99) 8 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear íoc faisnéiseoirí
 - SCH/Com-ex (99) 10 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le trádáil neamhdhlíthiúil arm tine.
6. Na Dearbhuithe seo a leanas (féach IO L 239, 22.9.2000, lch. 1) ón gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún a síníodh in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 den Iarscríbhinn seo:
- SCH/Com-ex (96) decl 6 rev 2 Dearbhú ón gCoiste Feidhmiúcháin an 26 Meitheamh 1996 maidir le heiseachadadh
 - SCH/Com-ex (97) decl 13 rev 2 Dearbhú ón gCoiste Feidhmiúcháin an 9 Feabhra 1998 maidir le mionaíocht a fhuadach.
7. Na Cinntí seo a leanas (féach IO L 239, 22.9.2000, lch. 1) ón Lárghrúpa arna bhunú leis an gCoinbhinsiún a síníodh in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann siad leis na forálacha i mír 2 den Iarscríbhinn seo:
- SCH/C (98) 117 Cinneadh ón Lárghrúpa an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le bearta a ghlacadh chun inimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac
 - SCH/C (99) 25 Cinneadh ón Lárghrúpa an 22 Márta 1999 maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear íoc faisnéiseoirí.
8. Na gníomhartha seo a leanas a chuireann le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile:
- Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid chomhionann do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1)
 - Cinneadh 1999/307/CE ón gComhairle an 1 Bealtaine 1999 lena leagtar síos na socrúithe mionsonraithe chun Rúnaíocht Schengen a lánpháirtiú in Ardrúnaíocht na Comhairle (IO L 119, 7.5.1999, lch. 49)
 - Cinneadh 1999/435/CE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1999 maidir le *acquis* Schengen a shainiú d'fhonn an bunús dlí do gach ceann de na forálacha nó de na cinntí a chomhdhéanann an *acquis* a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO L 176, 10.7.1999, lch. 1)
 - Cinneadh 1999/436/CE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1999 maidir leis an mbunús dlí do gach ceann de na forálacha nó de na cinntí a chomhdhéanann *acquis* Schengen a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO L 176, 10.7.1999, lch. 17)
 - Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31)
 - Cinneadh 1999/848/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán sa Ghréig (IO L 327, 21.12.1999, lch. 58)
 - Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43)
 - Cinneadh 2000/586/CGB ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2000 ag bunú nós imeachta chun leasú a dhéanamh ar Airteagail 40(4) agus (5), 41(7) agus 65(2) den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag comhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 248, 3.10.2000, lch. 1)
 - Cinneadh 2000/777/CE ón gComhairle an 1 Nollaig 2000 maidir le *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm sa Danmhairg, san Fhionlainn agus sa tSualainn, agus san Íoslainn agus san Iorua (IO L 309, 9.12.2000, lch. 24)
 - Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu nuair atá na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81, 21.3.2001, lch. 1)

- Treoir 2001/51/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena bhforlíontar fhorálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme (L 187, 10.7.2001, lch. 45)
- Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 maidir le formáid chomhionann d'fhoirmeacha chun an víosa a ghreamú arna eisiúint ag Ballstáit chuig daoine atá i seilbh doiciméad taistil nach n-aithníonn an Ballstát atá ag tarraingt suas na foirme (IO L 53, 23.2.2002, lch. 4)
- Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20)
- Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid chomhionann le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh thríú tíortha (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1)
- Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithe a éascú (IO L 328, 5.12.2002, lch. 1)
- Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainítear teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithe a éascú (IO L 328, 5.12.2002, lch. 17)
- Cinneadh 2003/170/CGB ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le comhúsáid oifigeach idirchaidrimh arna bpostú thar lear ag gníomhaireachtaí forghníomhaithe dlí na mBallstát (IO L 67, 12.3.2003, lch. 27)
- Cinneadh 2003/725/CGB ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2003 ag leasú fhorálacha Airteagal 40(1) agus (7) den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag comhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 260, 11.10.2003, lch. 37)
- Treoir 2003/110/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le cúnaimh i gcásanna idirthurais chun críocha aeraistrithe (IO L 321, 6.12.2003, lch. 26)
- Rialachán (CE) Uimh. 377/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le líonra oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (IO L 64, 2.3.2004, lch. 1)
- Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid atá ar iompróirí sonraí paisinéirí a pháirtíú (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24)
- Cinneadh 2004/573/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le heitiltí comhpháirteacha a eagrú chun náisiúnaigh de chuid tríú tíortha atá ina n-ábhar d'orduithe leithleacha aistriú a aistriú as críoch dhá Bhallstát nó níos mó (IO L 261, 6.8.2004, lch. 28)
- Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5 agus IO L 142M, 30.5.2006, lch. 60)
- Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtuil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1 agus IO L 153M, 7.6.2006, lch. 136)
- Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpassanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1 agus IO L 153M, 7.6.2006, lch. 375)
- Cinneadh 2004/926/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann do chur codanna de chuid *acquis* Schengen in éifeacht (IO L 395, 31.12.2004, lch. 70)
- Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle an 16 Márta 2005 lena mbunaítear líonra daingean gréasán-bhunaithe Faisnéise agus Comhordúcháin le haghaidh Bainistithe Iimirce Ballstát (IO L 83, 1.4.2005, lch. 48 agus IO L 159M, 13.6.2006, lch. 288)

- Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 105, 13.4.2006, lch. 1), seachas an chéad abairt d'Airteagal 1, Airteagal 5(4)(a), Teideal III agus forálacha Teideal II agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis ina ndéantar tagairt do Chóras Faisnéise Schengen (SIS)
- Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le malartú faisnéise agus eolais a shimpliú idir údaráis forghníomhaithe dlí de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 386, 29.12.2006, lch. 89)
- Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha talún seachtracha na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen (IO L 405, 30.12.2006, lch. 1), seachas Airteagail 4 (b) agus 9 (c)
- Cinneadh 2007/471/CE ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Seice, i bPoblacht na hEastóine, i bPoblacht na Laitvia, i bPoblacht na Liotuáine, i bPoblacht na hUngáire, i bPoblacht Mhálta, i bPoblacht na Polainne, i bPoblacht na Slóivéine agus i bPoblacht na Slóvaice (IO L 179, 7.7.2007, lch. 46)
- Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear sásra chun Foirne Mear-Idirghabhála Teorann a chruthú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle maidir leis an sásra sin agus lena rialaítear cumhachtaí agus cúraimí na n-aoi-oifigeach (IO L 199, 31.7.2007, lch. 30), seachas forálacha Airteagal 6(8) agus (9) a mhéid a ndéantar tagairt iontu do rochtain a bheith á tabhairt ar Chóras Faisnéise Schengen
- Cinneadh 2007/801/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 2007 maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán i bPoblacht na Seice, i bPoblacht na hEastóine, i bPoblacht na Laitvia, i bPoblacht na Liotuáine, i bPoblacht na hUngáire, i bPoblacht Mhálta, i bPoblacht na Polainne, i bPoblacht na Slóivéine agus i bPoblacht na Slóvaice (IO L 323, 8.12.2007, lch. 34)
- Cinneadh 2008/421/CE ón gComhairle an 5 Meitheamh 2008 i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i gCónaidhm na hEilvéise (IO L 149, 7.6.2008, lch. 74)
- Airteagal 6 de Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain chun a cheadaithe ar an gCóras Faisnéise Víosáí (VIS) ag údaráis ainmnithe na mBallstát agus ag Europol chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129)
- Cinneadh 2008/903/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán i gCónaidhm na hEilvéise (IO L 327, 05.12.2008, lch. 15)
- Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáiltear faoi chuimsiú an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a chosaint (IO L 350, 30.12.2008, lch. 60)
- Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeán chomhchoiteanna agus nósanna imeachta chomhchoiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh de chuid tríú tíortha atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98)
- Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí (Cód Víosáí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1)
- Cinneadh 2010/252/AE ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 lena ndéantar forlíonadh ar Chód Teorainneacha Schengen maidir le faireachas a dhéanamh ar na teorainneacha mara seachtracha i gcomhthéacs an chomhair oibríochtúil arna chomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 111, 4.5.2010, lch. 20)
- Cinneadh 2010/365/AE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2010 i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin (IO L 166, 1.7.2010, lch. 17).

IARSCRÍBHINN III

An liosta dá dtagraítear in Airteagal 15 den Ionstraim Aontachais: oiriúnuithe ar ghníomhartha a ghlac na hinstiúidí**1. SAOIRSE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR**

32055 L 0036: Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(5):

"5. Without prejudice to Article 43b, each Member State shall recognise evidence of formal qualifications as doctor giving access to the professional activities of doctor with basic training and specialised doctor, as nurse responsible for general care, as dental practitioner, as specialised dental practitioner, as veterinary surgeon, as midwife, as pharmacist and as architect held by nationals of the Member States and issued by the former Yugoslavia, or whose training commenced,

(a) for Slovenia, before 25 June 1991, and

(b) for Croatia, before 8 October 1991,

where the authorities of the aforementioned Member States attest that such evidence has the same legal validity within their territory as the evidence which they issue and, with respect to architects, as the evidence of formal qualifications specified for those Member States in Annex VI, point 6, as regards access to the professional activities of doctor with basic training, specialised doctor, nurse responsible for general care, dental practitioner, specialised dental practitioner, veterinary surgeon, midwife, pharmacist with respect to the activities referred to in Article 45(2), and architect with respect to the activities referred to in Article 48, and the pursuit of such activities.

Such an attestation must be accompanied by a certificate issued by those same authorities stating that such persons have effectively and lawfully been engaged in the activities in question within their territory for at least three consecutive years during the five years prior to the date of issue of the certificate."

(b) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"Article 43b

Acquired rights in midwifery shall not apply to the following qualifications which were obtained in Croatia before 1 July 2013: viša medicinska sestra ginekološko-opstetričkog smjera (High Gynaecology-Obstetrical Nurse), medicinska sestra ginekološko-opstetričkog smjera (Gynaecology-Obstetrical Nurse), viša medicinska sestra primaljskog smjera (High Nurse with Midwifery Degree), medicinska sestra primaljskog smjera (Nurse with Midwifery Degree), ginekološko-opstetrička primalja (Gynaecology-Obstetrical Midwife) and primalja (Midwife)."

2. DLÍ NA MAOINE INTLEACHTÚLA**I. AN TRÁDMHARC COMHPHOBAIL**

32009 R 0207: Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO L 78, 24.3.2009, lch. 1).

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 165(1):

"1. As of the date of accession of Bulgaria, the Czech Republic, Estonia, Croatia, Cyprus, Latvia, Lithuania, Hungary, Malta, Poland, Romania, Slovenia and Slovakia (hereinafter referred to as "new Member State(s)"), a Community trade mark registered or applied for pursuant to this Regulation before the respective dates of accession shall be extended to the territory of those Member States in order to have equal effect throughout the Community."

II. DEIMHNITHE FORLÍONTACHA COSANTA

1. 31996 R 1610: Rialachán (CE) Uimh. 1610/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le deimhniú forlíontach cosanta a chruthú le haghaidh táirgí cosanta plandaí (IO L 198, 8.8.1996, lch. 30).

(a) Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 19a:

"(m) maidir le haon táirge cosanta plandaí a chosnaítear le paitinn bhunúsach bhailí agus dá bhfuarthas an chéad údarú chun é a chur ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí, féadfar deimhniú a dheonú ina leith sa Chróit, ar choinníoll go dtaisctear an t-iaratas ar dheimhniú laistigh de shé mhí ó dháta an aontachais;"

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(2):

"2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le deimhnithe forlíontacha cosanta a deonaíodh i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cróite, na Cípire, na Laitvia, na Liotuáine, Mhálta, na Polainne, na Rómáine, na Slóivéine agus na Slóvaice roimh dháta a n-aontachais, faoi seach."

2. 32009 R 0469: Rialachán (CE) Uimh. 469/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (IO L 152, 16.6.2009, lch. 1).

(a) Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 20:

"(m) maidir le haon táirge íocshláinte a chosnaítear le paitinn bhunúsach bhailí agus a bhfuarthas an chéad údarú chun é a chur ar an margadh mar tháirge íocshláinte tar éis an 1 Eanáir 2003, féadfar deimhniú a dheonú ina leith sa Chróit ar choinníoll go dtaisctear an t-iarratas ar dheimhniú laistigh de shé mhí ó dháta an aontachais;"

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21(2):

"2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le deimhnithe forlíontacha cosanta a deonaíodh i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cróite, na Cípire, na Laitvia, na Liotuáine, Mhálta, na Polainne, na Rómáine, na Slóivéine agus na Slóvaice roimh dháta a n-aontachais, faoi seach."

III. DEARAÍ COMHPHOBAIL

32002 R 0006: Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO L 3, 5.1.2002, lch. 1).

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 110a(1):

"1. As of the date of accession of Bulgaria, the Czech Republic, Estonia, Croatia, Cyprus, Latvia, Lithuania, Hungary, Malta, Poland, Romania, Slovenia and Slovakia (hereinafter referred to as "new Member State(s)"), a Community design protected or applied for pursuant to this Regulation before the respective date of accession shall be extended to the territory of those Member States in order to have equal effect throughout the Community."

3. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

32006 L 0048: Treoir 2006/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le gabháil le gnó institiúidí creidmheasa agus lena shaothrú (áthmhúnlú) (IO L 177, 30.6.2006, lch. 1).

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in Airteagal 2 i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an bhFrainc:

"— sa Chróit, an "kreditne unije" agus an "Hrvatska banka za obnovu i razvitak","

4. TALMHAÍOCHT

1. 31991 R 1601: Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisciú agus cur i láthair fionta cumhraithe, deochanna atá bunaithe ar fhíon cumhraithe agus manglaime de tháirgí fíona chumhraithe (IO L 149, 14.6.1991, lch. 1).

In Iarscríbhinn II, cuirtear isteach an méid seo a leanas i ndiaidh an tsonra gheografaigh "Nürnberger Glühwein":

"Samoborski bermet"

2. 32007 R 1234: Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margáí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch.1).

(a) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach in Airteagal 66:

"4a. For Croatia a special restructuring reserve shall be established as set out in point 2 of Annex IX. This reserve shall be released as of 1 April of the first quota year after accession to the extent that the on-farm consumption of milk and milk products in Croatia has decreased in the period 2008-2012.

The decision on releasing the reserve and of its distribution to the deliveries and direct sales quota shall be taken by the Commission in accordance with the procedure referred to in Article 195(2) on the basis of an assessment of a report to be submitted by Croatia by 31 December 2013. That report shall detail the results and trends of the actual restructuring process in Croatia's dairy sector, and in particular the shift from production for on-farm consumption to production for the market."

(b) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 103k(1):

"This paragraph shall not apply to Croatia for the financial year 2013. Croatia shall submit to the Commission a draft five-year support programme for the 2014-2018 programme period.";

(c) In Iarscríbhinn III, Cuid 1I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 13:

"13. "full-time refiner" means a production unit:

— of which the sole activity consists of refining imported raw cane sugar,

or

— which refined in the marketing year 2004/2005 a quantity of at least 15 000 tonnes of imported raw cane sugar. For the purpose of this indent, in the case of Croatia the marketing year shall be that of 2007/2008."

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VI:

'ANNEX VI

**NATIONAL AND REGIONAL QUOTAS
from the 2010/2011 marketing year onwards**

Member States or regions	Sugar	Isoglucose	Isoglucose
Belgium	676 235,0	114 580,2	0
Bulgaria	0	89 198,0	
Czech Republic	372 459,3		
Denmark	372 383,0		
(a) In Airteagal 9, cuirtear an abairt seo a leanas leis an gcéad mhír:

"The Community-wide quantity of allowances will be increased as a result of Croatia's accession only by the quantity of allowances that Croatia shall auction pursuant to Article 10(1)."

(b) In Iarscríbhinn IIa, cuirtear isteach an méid seo a leanas i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

"Croatia 26 %".

2. 32009 D 0406: Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn gealltanais an Chomhphobail suas go dtí 2020 a chomhlíonadh i ndáil le astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú (IO L 140, 5.6.2009, lch.136).

In Iarscríbhinn II, cuirtear isteach an méid seo a leanas i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an bhFrainc:

"Croatia 11 %".

IARSCRÍBHINN IV

An liosta dá dtagraítear in Airteagal 16 den Ionstraim Aontachais: buanfhorálacha eile**1. DLÍ NA MAOINE INTLEACHTÚLA**

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal II, Saorghluaiseacht Earraí

SÁSRA SONRACH

I dtaca leis an gCróit, féadfaidh sealbhóir paitinne nó Deimhnithe Fhorlíontaigh Chosanta (DFC) do tháirge íochshlaínte arna chomhdú nó arna chomhdú i mBallstát tráth nárbh fhéidir an chosaint sin a fháil don táirge sin sa Chróit, nó féadfaidh tairbhí an tsealbhóra sin, brath ar na cearta arna ndeonú leis an bpaitinn sin nó leis an DFC sin d'fhonn allmhairiú agus margú an táirge sin a chosc sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina dtairbhíonn an táirge i dtrácht de chosaint phaitinne nó de chosaint DFC, fiú más é an sealbhóir a chuir an táirge sin ar an margadh sa Chróit den chéad uair nó más le toiliú an tsealbhóra a rinneadh amhlaidh.

Aon duine a bhfuil sé ar intinn aige táirge íochshlaínte a thagann faoi réim na chéad mhíre a allmhairiú nó a mhargú i mBallstát ina dtairbhíonn an táirge de chosaint phaitinne nó de chosaint DFC, taispeánfaidh sé do na húdaráis inniúla san iarratas i ndáil leis an allmhairiú sin gur tugadh réamhfhógra míosa do shealbhóir nó do thairbhí na cosanta.

2. BEARTAS IOMAÍOCHTA

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VII, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta

1. Na scéimeanna cabhrach agus an chabhair leithleach seo a leanas arna gcur in éifeacht sa Chróit roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar tráth an aontachais gurb éard iad cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE:

- (a) bearta cabhrach a cuireadh in éifeacht roimh an 1 Márta 2002;
- (b) bearta cabhrach a liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;
- (c) bearta cabhrach a rinne Gníomhaireacht Iomaíochta na Cróite a mheasúnú roimh dháta an aontachais agus a bearta iad ar cinneadh go bhfuil siad ag luí le *acquis* an Aontais, agus nach ndearna an Coimisiún agóid ina leith ar na forais go raibh amhras tromchúiseach ann i dtaobh an raibh an beart ag luí leis an margadh inmheánach, de bhun an nós imeachta a leagtar amach i mír 2.

Gach beart atá fós infheidhme tar éis dháta an aontachais agus ar Státchabhair é agus nach gcomhallann na coin-níollacha a leagtar amach thuas, measfar gur cabhair nua é tráth an aontachais chun Airteagal 108(3) CFAE a chur i bhfeidhm.

Níl feidhm ag na forálacha thuas maidir le cabhair do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CAE agus le CFAE a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú.

2. Sa mhéid gur mian leis an gCróit go scrúdódh an Coimisiún beart cabhrach faoin nós imeachta a thuairiscítear i bpointe (c) de mhír 1, soláthróidh sí go tráthrialta don Choimisiún:

- (a) liosta de bhearta cabhrach atá ann agus a ndearna Gníomhaireacht Iomaíochta na Cróite iad a mheasúnú agus ar chinn an t-údarás sin go bhfuil siad ag luí le *acquis* an Aontais; agus
- (b) aon fhaisnéis eile atá riachtanach chun a mheasúnú an bhfuil an beart cabhrach atá le scrúdú comhchuí,

i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe shonrach arna soláthar ag an gCoimisiún.

Mura ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne an bhirt chabhrach atá ann ar bhonn go bhfuil amhras tromchúiseach ann i dtaobh an bhfuil an beart ag luí leis an margadh inmheánach, laistigh de thrí mhí tar éis dó faisnéis iomlán maidir leis an mbeart sin a fháil nó ráiteas a fháil ón gCróit ina gcuireann sí in iúl don Choimisiún go measann sí go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar iomlán toisc nach bhfuil an fhaisnéis bhreise a iarradh ar fáil nó gur soláthraíodh cheana í, measfar nach bhfuil an Coimisiún tar éis agóid a dhéanamh.

Gach beart cabhrach chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin faoin nós imeachta a thuairiscítear i bpointe (c) de mhír 1 thuas roimh dháta an aontachais, tá sé faoi réir an nós imeachta sin, is cuma go bhfuil an Chróit tagtha chun bheith ina comhalta den Aontas le linn thréimhse na scrúdaithe.

3. Maidir le cinneadh ón gCoimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne birt, de réir bhrí phointe (c) de mhír 1, measfar gur cinneadh é an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE ⁽¹⁾ a chur i bhfeidhm (Airteagal 108 CFAE anois).

⁽¹⁾ IO L 83, 27.3.1999, lch. 1.

Má ghlactar cinneadh den sórt sin roimh dháta an aontachais, ní thiocfaidh an cinneadh i éifeacht go dtí dáta an aontachais.

3. TALMHAÍOCHT

(a) An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal III, Talmhaíocht agus Iascach

1. Stoic phoiblí a bheidh i seilbh na Cróite ar dháta an aontachais agus a thig as beartas tacaíochta margaidh, gabhfaidh an tAontas iad ar an luach a thig as cur i bhfeidhm Airteagal 4(1)(d) agus Iarscríbhinn VIII de Rialachán (CE) Uimh. 884/2006 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle maidir le maoiniú ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) do bhearta idirghabhála i bhfoirm oibríochtaí stórála poiblí agus maidir le cuntasaíocht a bheith á déanamh ag gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát ar na hoibríochtaí stórála poiblí ⁽¹⁾. Ní ghabhfar na stoic sin ach amháin ar choinníoll go ndéanfar idirghabháil phoiblí san Aontas le haghaidh na táirgí i dtrácht agus go gcomhallann na stoic ceanglais idirghabhála an Aontais.

2. I gcás aon stoic, cibé acu príobháideach nó poiblí atá i saorchúrsaíocht sa Chróit ar dháta an aontachais agus ar féidir a mheas gur mó a leibhéal ná le gnáth-thabhairt anonn stoic, beidh ar an gCróit íocaíocht a dhéanamh le búséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

Socrófar méid na híocaíochta ar leibhéal a léiríonn an costas a bhaineann le tionchair an bharrachais stoic ar mhargáí táirgí talmhaíochta.

Cinnfear leibhéal an bharrachais stoic do gach táirge ar leith agus tréithe gach táirge agus na margaí ábhartha á gcur san áireamh mar aon leis an reachtaíocht de chuid an Aontais is infheidhme ina leith.

3. Déanfar na stoic dá dtagraítear i mír 1 a asbhaint ón gcainníocht ar mó í ná gnáth-thabhairt anonn stoc.

4. Déanfaidh an Coimisiún na socrúithe a leagtar amach i míreanna 1 go 3 a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 41(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le maoiniú an chomhbheartais talmhaíochta ⁽²⁾ nó, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007, nó i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha arna chinneadh sa reachtaíocht infheidhme.

(b) An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VII, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE, maidir le scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeontú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CAE agus CFAE a tháirgeadh agus a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí arna ndíorthú uathu, arna gcur in éifeacht sa Chróit roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, gurb éard iad cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE:

— cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa mhéid a chuirfear in iúl faisnéis faoin mbunús dlí atá le gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleananna chun cabhair a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhair den sórt sin.

Measfar gur cabhair "atá ann" de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE na bearta cabhrach sin do thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais.

Laistigh de thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, leasóidh an Chróit, más gá, na bearta cabhrach sin d'fhonn na treoirlínte arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún a chomhlíonadh. Tar éis na tréimhse sin, measfar gur cabhair nua í aon chabhair a gcinntear nach bhfuil sí ag lú leis na treoirlínte sin.

4. IASCACH

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VII, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE, maidir le scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeontú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí iascaigh agus táirgí arna ndíorthú uathu a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CAE agus CFAE a tháirgeadh agus a mhargú, arna gcur in éifeacht sa Chróit roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, gurb éard iad cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE:

— cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa mhéid a chuirfear in iúl faisnéis faoin mbunús dlí atá le gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleananna chun cabhair a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhair den sórt sin.

Measfar gur cabhair "atá ann" de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE na bearta cabhrach sin do thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais.

⁽¹⁾ IO L 171, 23.6.2006, lch. 35 agus IO L 326 M, 10.12.2010, lch. 70.

⁽²⁾ IO L 209, 11.08.2005, lch. 1.

Laistigh de thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, leasóidh an Chróit, más gá, na bearta cabhrach sin d'fhonn na treoirlínte arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún a chomhlíonadh. Tar éis na thréimhse sin, measfar gur cabhair nua í aon chabhair a gcinntear nach bhfuil sí ag luí leis na treoirlínte sin.

5. AN tAONTAS CUSTAIM

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal II, Saorghluaiseacht Earraí, Caibidil 1, An t-aontas Custaim

31992 R 2913: Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1).

31993 R 2454: Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 lena leagtar síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1).

Beidh feidhm ag Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún maidir leis an gCróit faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas.

CRUTHÚNAS AR STÁDAS AN AONTAIS (TRÁDÁIL LAISTIGH DEN AONTAS MÉADAITHE)

1. D'ainneoin Airteagal 20 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle, maidir le hearraí atá ar dháta an aontachais i stóráil shealadach nó faoi réir aon cheann de na córacha agus nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(15)(b) agus (16)(b) go (h) den Rialachán sin san Aontas méadaithe, nó atá á n-iompar laistigh den Aontas méadaithe tar éis a bheith faoi réir foirmiúlachtaí custaim, beidh siad saor ó dhleachtanna custaim agus aon bhearta eile custaim nuair a dhearbhfófar iad lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta ar choinníoll go dtíolacfar aon cheann den chruthúnas seo a leanas:
 - (a) cruthúnas ar thionscnamh fabhair arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cuí roimh dháta an aontachais faoi CCC;
 - (b) aon cheann de na meáin chruthúnais ar stádas Aontais dá dtagraítear in Airteagal 314c de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún;
 - (c) carnet ATA arna eisiúint roimh dháta an aontachais i mBallstát láithreach nó sa Chróit.
2. Chun an cruthúnas dá dtagraítear i mír 1(b) a eisiúint i ndáil leis an staid ar dháta an aontachais agus i dteannta fhorálacha Airteagal 4(7) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle, ciallóidh "earraí Comhphobail":
 - earraí arna bhfáil go hiomlán i gcríoch na Cróite faoi choinníollacha is comhionann le coinníollacha Airteagal 23 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle nach n-ionchorpraíonn earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó ó chríocha eile;
 - earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó ó chríocha seachas an Chróit, agus arna scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta sa Chróit; nó
 - earraí arna bhfáil nó arna dtáirgeadh sa Chróit ó earraí dá dtagraítear sa dara fleasc, agus uathu siúd amháin, nó ó earraí dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc.
3. Chun an cruthúnas a fhíorú dá dtagraítear i mír 1(a), beidh feidhm ag na forálacha sin a bhaineann leis an sainmhíniú "táirgí tionscnaimh" agus leis na modhanna comhair riaracháin faoi CCC. Ar feadh thréimhse trí bliana ón gcruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint nó a dhéanamh amach, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na Cróite le hiarrataí ar fhíorú iardain i ndáil le cruthúnas den sórt sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh thréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH FABHAIR (TRÁDÁIL LE TRÍÚ TÍORTHA, LENA nÁIRÍTEAR AN TUIRC, FAOI CHUIMSIÚ NA gCOMHAONTUITHE FABHAIR MAIDIR LE TALMHAÍOCHT, GUAL AGUS TÁIRGÍ CRUACH)

4. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bhirt a dhíorthaítear ón gcomhbheartas tráchtála, glacfar sa Chróit le cruthúnais ar thionscnamh arna eisiúint go cuí ag tríú tíortha nó arna dhéanamh amach faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair arna dtabhairt i gcrích ag an gCróit leis na tríú tíortha sin, ar choinníoll:
 - (a) go ndeonóidh fáil an tionscnaimh sin cóir taraife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó i socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha nó le grúpaí tríú tíortha nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle;
 - (b) go n-eiseofar nó go ndéanfar amach an cruthúnas tionscnaimh agus na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
 - (c) go dtíolacfar an cruthúnas tionscnaimh do na húdaráis chustaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

I gcás earraí a bheith dearbhaithe lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta sa Chróit roimh dháta an aontachais, féadfar glacadh freisin sa Chróit le cruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cúlgh-abhálach faoi chomhaontuithe fabhair atá i bhfeidhm sa Chróit ar dháta an scaoilte le haghaidh saorchúrsaíochta, ar choinníoll go dtíolacfar an cruthúnas sin ar thionscnamh do na húdaráis custaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

5. Na húdaruíthe lenar deonaíodh an stádas "onnmhaireoirí formheasta" faoi chuimsiú comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha, údaraítear don Chróit iad a choinneáil, ar choinníoll:
- go bhforálfar freisin d'fhoráil den sórt sin i gcomhaontuithe nó i socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tríú tíortha nó na grúpaí tríú tíortha sin no arna nglacadh ag an Aontas i ndáil leis na tríú tíortha nó na grúpaí tríú tíortha sin, roimh dháta an aontachais; agus
 - go gcuirfidh na honnmhaireoirí formheasta na rialacha tionscnaimh i bhfeidhm sna comhaontuithe nó sna socruithe sin.
- Déanfaidh an Chróit údaruíthe nua arna n-eisiúint faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais a chur in ionad na n-údaruíthe sin tráth nach déanaí ná bliain tar éis dháta an aontachais.
6. Chun an cruthúnas dá dtagraítear i mír 4 a fhíorú, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú ar "táirgí tionscnaimh" agus ag modhanna comhair riaracháin na gcomhaontuithe ábhartha nó na socruithe ábhartha. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint nó a dhéanamh amach, glacfaidh údarás inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na Cróite le hiarrataí ar fhíorú iardain i ndáil leis an gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.
7. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bhiort a dhíorthaítear ón gcomhbheartas tráchtála, maidir le haon chruthúnas ar thionscnamh, arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cúlghabhálach ag tríú tíortha faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair nó socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tríú tíortha sin nó arna nglacadh aige ina leith, glacfar leis sa Chróit d'fhonn earraí a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ar earraí iad atá ar dháta an aontachais á n-iompar, i stóráil shealadach, i stóras custaim nó i saorchrios i gceann amháin de na tríú tíortha sin nó sa Chróit, ar choinníoll nach raibh, tráth eisithe na ndoiciméad iompair, comhaontú saorthrádála leis an tríú tír i bhfeidhm i gcás na dtáirgí sin ag an gCróit, agus ar choinníoll:
- go ndeónóidh fáil tionscnaimh den sórt sin cóir taraife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó i socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha nó le grúpaí tríú tíortha nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle;
 - go n-eiseofar na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
 - go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cúlghabhálach do na húdaráis custaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.
8. Chun na cruthúnais dá dtagraítear i mír 7 a fhíorú, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú ar "táirgí tionscnaimh" agus ag modhanna comhair riaracháin na gcomhaontuithe ábhartha nó na socruithe ábhartha.

CRUTHÚNAS AR STÁDAS FAOI NA FORÁLACHA MAIDIR LE SAORCHÚRSAÍOCHT LE HAGHAIDH TÁIRGÍ TION- SCLAÍOCHA LAISTIGH D'AONTAS CUSTAIM AE-NA TUIRCE

9. Cruthúnais ar thionscnamh arna eisiúint go cuí ag an Tuirc nó ag an gCróit nó arna dhéanamh amach faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair trádála arna gcur i bhfeidhm eatarthu agus lena bhforáiltear do thoirmeasc ar aisíocaíocht dleachtanna custaim ar na hearraí i dtrácht nó aon fhionraí ar na dleachtanna sin, glacfar leo sna tíortha faoi seach mar chruthúnas ar stádas faoi na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíochta arna leagan síos i gCinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na Tuirce an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme⁽¹⁾ (dá ngairtear "Cinneadh Uimh. 1/95" anseo feasta) ar choinníoll:
- go n-eiseofar nó go ndéanfar amach an cruthúnas tionscnaimh agus na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
 - go dtíolacfar an cruthúnas tionscnaimh do na húdaráis chustaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

Nuair atá earraí dearbhaithe lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta sa Tuirc nó sa Chróit roimh dháta an aontachais, faoi chuimsiú na gcomhaontuithe fabhair trádála dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfar glacadh freisin leis an gcruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cúlghabhálach faoi na comhaontuithe sin ar choinníoll go dtíolacfar do na húdaráis custaim é laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

10. Chun an cruthúnas dá dtagraítear i mír 9 a fhíorú, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú ar "táirgí tionscnaimh" agus ag modhanna comhair riaracháin na gcomhaontuithe fabhair ábhartha. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint nó a dhéanamh amach, glacfaidh údarás inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na Cróite le hiarrataí ar fhíorú iardain i ndáil leis an gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

⁽¹⁾ IO L 35, 13.2.1996, lch. 1.

11. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bhirt a dhíorthaítear ón gcomhbheartas tráchtála, déanfar teastas gluaiseachta A.TR arna eisiúint faoi na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha arna leagan síos i gCinneadh Uimh. 1/95, a ghlacadh sa Chróit chun earraí a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ar earraí iad atá ar dháta an aontachais á n-iompar tar éis a bheith faoi réir foirmiúlachtaí onnmhairíochtaí laistigh den Aontas nó sa Tuirc, nó atá i stóráil shealadach, nó faoin nós imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(b) go (h) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle sa Tuirc nó sa Chróit, ar choinníoll:
- (a) nach dtíolacfar aon chruthúnas ar thionscnamh dá ndéantar tagairt i mír 9 le haghaidh na n-earraí i dtrácht;
 - (b) go gcomhlíonfaidh na hearraí na coinníollacha chun na forálacha maidir le saorchúrsaíocht le haghaidh táirgí tionsclaíocha a chur chun feidhme;
 - (c) gur eisíodh na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
 - (d) gur tíolacadh an teastas gluaiseachta A.TR do na húdaráis custaim laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais.
12. Chun na teastais ghluaiseachta A.TR dá dtagraítear i mír 11 a fhíorú, beidh feidhm ag na forálacha maidir le heisiúint teastas gluaiseachta A.TR agus leis na modhanna comhair riaracháin faoi Chinneadh Uimh. 1/2006 ó Choiste AE-na Tuirce um Chomhar Custaim an 26 Iúil 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na Tuirce ⁽¹⁾.

NÓSANNA IMEACHTA CUSTAIM

13. An stóráil shealadach agus na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(b) go (h) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle agus a thosaigh roimh an aontachas, déanfar iad a chríochnú nó a urscaoileadh faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais.

Nuair a éiríonn fiachas custaim as an gcríochnú nó as an urscaoileadh, is é an méid dleachta allmhairíochta a bheidh le híoc an méid atá i bhfeidhm i gcomhréir leis an gComhtharfaí Chustaim nuair a thabhaítear an fiachas custaim agus measfar gur acmhainní dílse an Aontais an méid arna íoc.

14. Beidh feidhm maidir leis an gCróit ag na nósanna imeachta lena rialaítear stórasú custaim agus a leagtar síos in Airteagail 84 go 90 agus 98 go 113 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle agus Airteagail 496 go 535 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

— nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is ón reachtaíocht is infheidhme sa Chróit tráth glactha an dearbhaithe ag na húdaráis custaim a thioctaidh an rangú taraife, cainníocht, custamluach agus tionscnamh na n-earraí allmhairíochta an tráth ar cuireadh faoin nós imeachta iad.

15. Beidh feidhm maidir leis an gCróit ag na nósanna imeachta lena rialaítear próiseáil isteach agus a leagtar síos in Airteagail 84 go 90 agus 114 go 129 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle agus Airteagail 496 go 523 agus 536 go 550 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

— nuair a chinntear méid fiachais custaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is ón reachtaíocht is infheidhme sa Chróit tráth glactha an dearbhaithe ag na húdaráis custaim a thioctaidh an rangú taraife, cainníocht, custamluach agus tionscnamh na n-earraí allmhairíochta an tráth ar cuireadh faoin nós imeachta iad.

— nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhonn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaraithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí údaraithe sa Chróit, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais ó dháta an aontachais;

— má glacadh leis an dearbhú maidir le próiseáil isteach faoi chóras aisíocaíochta dleachta, is í an Chróit ar a costas féin a dhéanfaidh an aisíocaíocht dleachta faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais má tabhaíodh an fiachas custaim a n-iarrtar an aisíocaíocht dleachta ina leith roimh dháta an aontachais.

16. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta lena rialaítear allmhairiú sealadach agus a leagtar síos in Airteagail 84 go 90 agus 137 go 144 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle agus Airteagail 496 go 523 agus 553 go 584 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún maidir leis an gCróit faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

— nuair a chinntear méid fiachais custaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is ón reachtaíocht is infheidhme sa Chróit tráth glactha an dearbhaithe ag na húdaráis custaim a thioctaidh an rangú taraife, cainníocht, custamluach agus tionscnamh na n-earraí allmhairíochta an tráth ar cuireadh faoin nós imeachta iad.

⁽¹⁾ IO L 265, 26.09.2006, lch. 18.

— nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhonn cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí údaraithe sa Chróit, focfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais ó dháta an aontachais.

17. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta lena rialáítear próiseáil amach agus a leagtar síos in Airteagail 84 go 90 agus 145 go 160 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 ón gComhairle agus Airteagail 496 go 523 agus 585 go 592 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún maidir leis an gCróit faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

— Beidh feidhm ag an dara mír d'Airteagal 591 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún *mutatis mutandis* maidir le hearraí onnmhairíochta sealadaí arna n-onnmhairiú go sealadach ón gCróit roimh dháta an aontachais.

FORÁLACHA EILE

18. Maidir le húdaruithe arna ndeónú ag an gCróit roimh dháta an aontachais i gcomhiar úsáid na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(d), (e) agus (g) nó i gcomhair stádais Oibreoirí Eacnamaíochá Údaraithe a dtagritear in Airteagal 5a(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle, beidh siad bailí go dtí deireadh a mbailíochta nó go dtí deireadh bliana amháin ó dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

19. Beidh feidhm maidir leis an gCróit ag na nósanna imeachta lena rialáítear tabhú fiachais custaim, iontráil sna cuntais agus gnóthú iar-imréitigh a leagtar síos in Airteagail 201 go 232 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle agus Airteagail 859 go 876a de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

— déanfar an gnóthú faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais. I gcás inar tabhaíodh an fiachas custaim roimh dháta an aontachais, áfach, déanfar an gnóthú faoi na coinníollacha a bhí i bhfeidhm sa Chróit roimh an aontachas agus is í an Chróit a dhéanfaidh an gnóthú ina fabhar féin.

20. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta lena rialáítear aisíoc agus loghadh dleachta agus a leagtar síos in Airteagail 235 go 242 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 ón gComhairle agus in Airteagail 877 go 912 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún maidir leis an gCróit faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

— déanfar dleachtanna a aisíoc agus a loghadh faoi choinníollacha reachtaíocht an Aontais. Nuair a bhaineann na dleachtanna a n-iarrtar a n-aisíocaíocht nó a loghadh le fiachas custaim a tabhaíodh roimh dháta an aontachais, áfach, is í an Chróit, ar a costas féin, a dhéanfaidh aisíoc agus loghadh dleachtanna faoi na coinníollacha a bhí i bhfeidhm sa Chróit roimh an aontachas.

Foscúibhinn a ghabhann le hIARSCRÍBHINN IV

An liosta de na bearta cabhrach atá ann dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 den sásra cabhrach atá ann dá bhforáiltear i Roinn 2 ("Beartas iomaíochta")

Nóta: Na bearta cabhrach a liostaítear san Fhoscúibhinn seo, ní mheasfar gurb éard iad cabhair atá ann ach amháin chun an sásra cabhrach atá ann agus a leagtar amach i Roinn 2 a chur i bhfeidhm a mhéid a dtagann siad faoi raon feidhme fhomhír 1 den Chaibidil sin.

Uimhir Chlárúcháin.			Teideal (sa bhunteanga)	Dáta a bhformheasta ag Gníomhaireacht Iomaíochta na Cróite	Fad tréimhse
BS	Uimh.	Bl.			
HR	1	2011	Zakon o slobodnim zonama (NN 44/96, 92/05, 85/08)	17/06/2008	31/12/2016
HR	3	2011	Zakon o Hrvatskoj radioteleviziji (NN 137/10)	21/10/2010	Gan teorainn
HR	4	2011	Odluka o otvorenosti Zračne luke Osijek d.o.o. u razdoblju od 2009. do 2013. godine, od 20. veljače 2009. i 24. travnja 2009.	25/05/2009	31/12/2013
HR	5	2011	Program financiranja nakladništva od 2011. do 2013.	10/02/2011	31/12/2013
HR	6	2011	Naknadno odobrenje državnih potpora poduzetniku Rockwool Adriatic d.o.o.	30/12/2010	31/12/2015
HR	9	2011	Zakon o znanstvenoj djelatnosti i visokom obrazovanju (NN 123/03, 198/03, 105/04, 174/04, 46/07)	01/02/2007	31/12/ 2014
HR	10	2011	Odluka o obvezi otvorenosti Zračne luke Rijeka d.o.o. za javni zračni promet u razdoblju od 2010. do 2014., od 25. siječnja 2010. i 3 studenoga 2010.	10/03/2011	31/12/ 2014

IARSCRÍBHINN V

An liosta dá dtagraítear in Airteagal 18 den Ionstraim Aontachais: bearta idirthréimhseacha**1. SAORGLUAISEACHT EARRAÍ**

32001 L 0083: Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gCód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

De mhaolú ar na ceanglais cáilíochta, sábháilteachta agus éifeachtúlachta a leagtar síos i dTreoir 2001/83/CE, fanfaidh údaruithe margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte bailí, ar údaruithe iad nach bhfuil faoi réir Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach⁽¹⁾ agus atá ar an liosta (san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo arna cur ar fáil ag an gCróit) arna eisiúint faoi dhlí na Cróite roimh dháta an aontachais, go dtí go ndéanfar iad a athnuachan i gcomhlíonadh *acquis* an Aontais nó go dtí ceithre bliana ó dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Ní thairbheoidh na húdaruithe margaíochta a chumhdaítear leis an maolú seo d'aitheantas frithpháirteach sna Ballstáit fad nach mbeidh na táirgí sin údaraithe i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE.

Amhail ó dháta an aontachais, beidh na húdaruithe margaíochta náisiúnta arna ndéontú faoin dlí náisiúnta roimh an aontachas nach mbeidh cumhdaithe leis an maolú seo, mar aon le gach údarú margaíochta nua, de réir Threoir 2001/83/CE.

2. SAORGLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghligh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

32011 R 0492: Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch 1).

1. I dtaca le saorghluaiseacht oibrithe agus saoirse seirbhísí lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar a shainítear in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE í a sholáthar, idir an Chróit ar thaobh amháin agus gach ceann de na Ballstáit láithreacha ar an taobh eile, ní bheidh feidhm iomlán ag Airteagal 45 ná ag an gcéad mhír d'Airteagal 56 CFAE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i míreanna 2 go 13.
2. De mhaolú ar Airteagal 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus go dtí deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, cuirfidh na Ballstáit láithreacha i bhfeidhm bearta náisiúnta, nó bearta a thig as socrúithe déthaobhacha, lena rialaítear rochtain ar a margaí saothair ag náisiúnaigh de chuid na Cróite. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

Maidir le náisiúnaigh de chuid na Cróite a bheidh ag obair go dleathach ar dháta an aontachais i mBallstát láithreach agus a bheidh ligthe isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos faide gan bhreiseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair Ballstáit eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Maidir le náisiúnaigh de chuid na Cróite a ligfeadh isteach ar mhargadh saothair Ballstáit láithreach tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos faide gan bhreiseadh, tairbheoidh siad freisin de na cearta céanna.

Scoirfidh na náisiúnaigh de chuid na Cróite dá dtagraítear sa dara fómhír agus sa tríú fómhír de na cearta dá dtagraítear sna fómhíreanna sin a thairbhiu má fhágann siad margadh saothair an Bhallstáit láithreach i dtrácht go deonach.

Maidir le náisiúnaigh de chuid na Cróite a bheidh ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó le linn tréimhse ina mbeidh bearta náisiúnta i bhfeidhm agus a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí, ní thairbheoidh siad de na cearta dá dtagraítear sa dara fómhír agus sa tríú fómhír.

3. Roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth críochnaithe an athbhreithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig as comhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011.

⁽¹⁾ IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.

4. Ar iarraidh a fháil ón gCróit, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí tar éis an iarraidh a fháil ón gCróit.
5. Aon Bhallstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig as comhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh sé, i gcás ina dtarlaíonn suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó ina bhfuil bagairt ann go dtarlóidh a leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011.
6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, maidir leis na Ballstáit sin ina mbeidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 i leith náisiúnach de chuid na Cróite, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, agus a eisiann ceadanna oibre chuig náisiúnaigh de chuid na Cróite chun críocha faireacháin i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.
7. Na Ballstáit ina mbeidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 i leith náisiúnach de chuid na Cróite, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta a leagtar amach sa dara fómhír agus sa tríú fómhír go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuair a tharlóidh suaitheadh ar mhargadh saothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fómhír a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt thromchúiseach don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanfaidh an Ballstát sin suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gCoimisiún a dhearbhu go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 á fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a ré agus a raon feidhme agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoina chinneadh. Laistigh de dhá sheachtain ón gcinneadh ón gCoimisiún, féadfaidh aon Bhallstát, a iarraidh ar an gComhairle an cinneadh sin a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar an iarraidh sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fómhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a fhionraí agus fógra réasúnaithe *ex-post* a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad a bheidh cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ar fionraí de bhua mhíreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm ag Airteagal 23 de Threoir 2004/38/CE sa Chróit i leith náisiúnach de chuid na mBallstát láithreach, agus sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnach de chuid na Cróite, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mhéid a bhaineann leis an gceart atá ag baill de theaghlach oibríthe gabháil le fostaíocht:

— maidir le céile oibrí agus maidir lena sliocthaigh a bheidh faoi bhun 21 bhliain d'aois nó a bheidh ina gcleithiúnaithe agus a mbeidh cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí i gcríoch Ballstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, amháil ar an aontachas, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm ag an méid sin maidir le baill de theaghlach oibrí a ligfear isteach go dleathach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí;

— maidir le céile oibrí agus maidir lena sliocthaigh a bheidh faoi bhun 21 bhliain d'aois nó a bheidh ina gcleithiúnaithe agus a mbeidh cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí i gcríoch Ballstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúsce a bheidh cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh 18 mí ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Ní dochar na forálacha seo do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig as comhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach bhféadfar na forálacha de chuid Threoir 2004/38/CE lena n-athghabhtar forálacha Threoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibríthe ó na Ballstáit agus dá dteaghlach⁽¹⁾ a dhealú ó na forálacha sin de chuid Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a gcuirtear siar a gcur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Chróit agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéid is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.
10. Aon uair a chuirfidh na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig as comhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbearta idirthréimhseacha a leagtar síos thuas, féadfaidh an Chróit bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnach de chuid an Bhallstáit nó na mBallstát a bheidh i gceist.
11. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar a bheidh ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an margadh saothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

⁽¹⁾ IO L 257, 19.10.1968, lch. 13. An Treoir arna leasú an uair dheireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33) agus arna haisghairm le héifeacht ón 30 Aibreán 2006 le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

12. Chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach, nó chun díriú ar bhagairt go mbeidh suaitheadh tromchúiseach ann, in earnálacha seirbhíse sonracha fogaire ar mhargaí saothair na Gearmáine agus na hOstaire a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthar trasnáisiúnta seirbhísí, mar a shainítear in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE é, agus fad a dhéanfaidh siad bearta náisiúnta nó bearta a thig as comhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar amach thuas, maidir le saorghluaiseacht oibríthe de chuid na Cróite, féadfaidh an Ghearmáin agus an Ostair maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 56 CFAE tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, d'fhonn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú sa Chróit, le gluaiseacht shealadach oibríthe a mbeidh a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is é seo a leanas liosta na n-earnálacha seirbhíse a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

— sa Ghearmáin:

Earnáil	Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Glantachán tionsclaíoch	74.70 Glantachán tionsclaíoch cleaning
Seirbhísí Eile	74.87 Gníomhaíochtaí de chuid maisitheoirí intí amháin

(*): NACE: féach 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1).

— san Ostair:

Earnáil	Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt
Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta	01.41
Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú	26.7
Struchtúir mhiotail agus codanna díobh a mhonarú	28.11
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Gníomhaíochtaí slándála	74.60
Glantachán tionsclaíoch	74.70
Altranas tí	85.14
Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht	85.32

(*): NACE: féach 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1).

A mhéid a mhaolóidh an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d'Airteagal 56 CFAE i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an dara fomhír den mhír seo, féadfaidh an Chróit, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní leanfaidh as an mír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do ghluaiseacht shealadach oibríthe i gcomhthéacs soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Chróit ná na coinníollacha a bheidh ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

13. Ní leanfaidh as míreanna 2 go 5 agus 7 go 11 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh de chuid na Cróite ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha a bheidh ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha a leagtar síos i míreanna 1 go 12, i rith aon tréimhse ina gcuirfeair i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig as comhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibríthe is náisiúnaigh de chuid na mBallstát seachas d'oibríthe is náisiúnaigh de chuid tríú tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Maidir le hoibrithe imirceacha de chuid na Cróite agus a dteaghligh a mbeidh cónaí orthu agus a bheidh ag obair go dleathach i mBallstát eile nó maidir le hoibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghligh a mbeidh cónaí orthu agus a bheidh ag obair go dleathach sa Chróit, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirfear ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha agus a dteaghligh a mbeidh cónaí orthu agus a bheidh ag obair sa Bhallstát sin nó sa Chróit faoi seach. Ina theannta sin, agus prionsabal an fhabhair Comhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a mbeidh cónaí orthu agus a bheidh ag obair sa Chróit ná mar a chuirfear ar náisiúnaigh de chuid na Cróite.

3. SAORGLUAISEACHT CAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

 21. KEMIJSKA ČISTIONA "AGATA", vlasnik Branko Szabo, Virovitica, S. Radića 66
 22. Obrt za kemijsko čišćenje odjeća "KEKY", vlasnik Jovita Malek-Milovanović, Pula, Dubrovačke bratovštine 29
 23. LORNA d.o.o. za pranje i kemijsko čišćenje tekstila i krznenih proizvoda (LORNA d.o.o.), Pula, Valdebečki put 3
 24. KEMIJSKA ČISTIONICA I KOPIRANJE KLJUČEVA "ŠUPER", vlasnik Ivan Šuper, Virovitica, J.J. Strossmayera 5
 25. KEMIJSKO ČIŠĆENJE ŠTEFANEC kemijsko čišćenje tekstila i krznenih proizvoda, vlasnik Nadica Štefanec, Koprivnica, Ledinska 1a
 26. ARIES društvo s ograničenom odgovornošću za proizvodnju glazbala i usluge (ARIES d.o.o.), Varaždin, Creska 3
 27. OBRT ZA PRANJE I ČIŠĆENJE TEKSTILA I ODJEĆE ĐORĐEVIĆ, vlasnik Javorka Đorđević, Makarska, Ante Starčevića 2
 28. OBRT ZA USLUGE PRANJA I KEMIJSKOG ČIŠĆENJA "KORDIĆ", vlasnik Pero Kordić, Makarska, Kipara Rendića 2
 29. Kemijsko čišćenje tekstila i krznenih proizvoda ČISTIONICA GALEB, vlasnik Stipan Radović, Zadar, Varoška 6
 30. KEMIJSKA ČISTIONICA, vlasnik Krešimir Borovec, Varaždin, Juraja Habelića 2
 31. KEMIJSKA ČISTIONICA "VBM", vlasnik Biserka Posavec, Maruševac, Biljevec 47
 32. OBRT ZA KEMIJSKO ČIŠĆENJE I PRANJE RUBLJA "PLITVICE", vlasnik Momirka Ninić, Pula, Rizzijeva 34
 33. "ANA" KEMIJSKA ČISTIONA, vlasnik Saša Dadić, Pula, Zagrebačka 18
 34. Kemijska čistionica, vlasnik Gordana Bralić, Trogir, Put Demunta 16
 35. "ECONOMATIC" - PRAONICA RUBLJA, vlasnik Marino Bassanese, Umag, Savudrijska cesta 9
 36. SERVIS ZA ČIŠĆENJE "SJA", vlasnik Danijela Brković, Virovitica, Golo Brdo 2A.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 5(3)(b), maidir leis an oibleagáid atá ar an oibreoir a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil na teicnící is fearr atá ar fáil á n-úsáid sna próisis brataithe i longthógáil i ndáil leis na suiteálacha seo a leanas sa Chróit, beidh feidhm aici amhail ón 1 Eanáir 2016,
1. BRODOTROGIR d.d., Trogir, Put brodograditelja 16
 2. NCP-NAUTIČKI CENTAR PRGIN-REMONTNO BRODOGRADILIŠTE ŠIBENIK d.o.o. za remont i proizvodnju brodova (NCP - REMONTNO BRODOGRADILIŠTE ŠIBENIK d.o.o.), Šibenik, Obala Jerka Šižgorića 1
 3. BRODOGRADILIŠTE VIKTOR LENAC dioničko društvo (BRODOGRADILIŠTE VIKTOR LENAC d.d.), Rijeka, Martinšćica bb
 4. 3. MAJ BRODOGRADILIŠTE d.d., Rijeka, Liburnijska 3
 5. BRODOSPLIT-BRODOGRADILIŠTE društvo s ograničenom odgovornošću (BRODOSPLIT-BRODOGRADILIŠTE d.o.o.), Split, Put Supavla 21
 6. ULJANIK Brodogradilište, d.d., Pula, Flaciusova
2. 32001 L 0080: Treoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le teorainn a chur le hastaíochtaí truailléan áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin (IO L 309, 27.11.2001, lch. 1).
- De mhaolú ar Airteagal 4(1) agus (3), beidh feidhm ag na luachanna teorann astaíochta le haghaidh dé-ocsaíde sulfair, ocsaíd nítrigine agus deannaigh maidir leis na gléasraí seo a leanas sa Chróit amhail ón 1 Eanáir 2018:
1. BELIŠĆE d.d., Belišće: coire gaile K3 agus coire gaile K4 (240 MW)
 2. DIOKI d.d., Zagreb: coire gaile SG 6401C (86 MW)
 3. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, TE Plomin 1: coire gaile (338 MW)
 4. TE PLOMIN d.o.o., Plomin, TE Plomin 2: coire gaile (544 MW)
 5. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, TE Rijeka: coire gaile (800 MW)

6. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, TE Sisak - bloc 1: coire gaile 1A agus coire gaile 1B (548 MW)
 7. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, TE Sisak - bloc 2: coire gaile 2A agus coire gaile 2B (548 MW)
 8. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, TE-TO Zagreb: ina bhfuil coire gaile K3 bloc C, coirí uisce the VK 3, VK 4, VK 5, VK 6 agus coire gaile PK 3 (iomlán: 828 MW)
 9. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, EL-TO Zagreb: ina bhfuil bloc 30 MW le coire gaile K4 (K8) agus coire gaile K5 (K9), bloc 12 MW le coire gaile K3 (K6), coire uisce the WK 1 agus coire uisce the WK 3, agus coire gaile K2 (K7) (iomlán: 510 MW)
 10. HEP-Proizvodnja d.o.o., Zagreb, TE-TO Osijek: coire gaile K1 agus coire gaile K2 (iomlán: 196 MW).
3. 32008 L 0001: Treoir 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le cosc agus rialú lánpháirtithe ar thruaillíú (Leagan códaithe) (IO L 24, 29.1.2008, lch. 8).

De mhaolú ar Airteagal 5(1), ní bheidh feidhm ag na ceanglais le haghaidh deonú ceadanna do shuiteálacha atá ann maidir leis na suiteálacha seo a leanas sa Chróit ach amháin amháil ón dáta a shonraítear do gach suiteáil, a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid na suiteálacha sin a oibriú i gcomhréir le luachanna teorann astaíochta, paraiméadair choibhéiseacha nó bearta teicniúla, bunaithe ar na teicníochtaí is fearr atá ar fáil de réir Airteagal 2(12):

(a) Amhail ón 1 Eanáir 2014:

1. NAŠICECEMENT Tvornica cementa, dioničko društvo (NAŠICECEMENT d.d. Našice), Našice, Tajnovac 1, gníomhaíocht CRLT 3.1.
2. LIPIK GLAS za proizvodnju stakla društvo s ograničenom odgovornošću (LIPIK GLAS d.o.o.), Lipik, Staklanska b.b., gníomhaíocht CRLT 3.3.
3. KOKA peradarsko prehrambena industrija dioničko društvo (KOKA d.d.), Varaždin, Jalkovečka ulica bb – farma br. 18 (Feirm Uimh.18, suíomh: Čakovec, Totovec), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
4. ŽITO d.o.o. za proizvodnju i trgovinu (ŽITO d.o.o.), Osijek, Đakovština 3 - farma Forkuševci (Feirm Forkuševci), gníomhaíocht CRLT 6.6.c.
5. ŽITO d.o.o. za proizvodnju i trgovinu (ŽITO d.o.o.), Osijek, Đakovština 3 - farma V. Branjevina (Feirm V. Branjevina), gníomhaíocht CRLT 6.6.c.
6. Drvna industrija KLANA d.d. (DI KLANA d.d.), Klana, Klana 264, gníomhaíocht CRLT 6.7.
7. ČATEKS, dioničko društvo za proizvodnju tkanine, umjetne kože, kućanskog rublja i proizvoda za šport i rekreaciju (ČATEKS d.d.), Čakovec, Ulica Zrinsko-Frankopanska 25, gníomhaíocht CRLT 6.7.

(b) Amhail ón 1 Eanáir 2015:

1. CIMOS LJEVAONICA ROČ d.o.o. proizvodnja aluminijskih odljevaka (CIMOS LJEVAONICA ROČ d.o.o.), Roč, Stanica Roč 21, gníomhaíocht CRLT 2.5.b.
2. P. P. C. BUZET društvo s ograničenom odgovornošću za proizvodnju, trgovinu i usluge (P. P. C. BUZET d.o.o.), Buzet, Most 24, gníomhaíocht CRLT 2.5.b.
3. Vetropack Straža tvornica stakla d.d. Hum na Sutli (Vetropack Straža d.d. Hum na Sutli), Hum na Sutli, Hum na Sutli 203, gníomhaíocht CRLT 3.3.
4. KOKA peradarsko prehrambena industrija dioničko društvo (KOKA d.d.), Varaždin, Jalkovečka ulica bb - pogon mesa (saoráid feola), gníomhaíocht CRLT 6.4.a.
5. SLADORANA TVORNICA ŠEĆERA dioničko društvo (SLADORANA d.d.), Županja, Šećerana 63, gníomhaíocht CRLT 6.4.b.
6. KOKA peradarsko prehrambena industrija dioničko društvo (KOKA d.d.), Varaždin, Jalkovečka ulica bb – farma br. 19 (Feirm Uimh. 19, suíomh: Donji Martijanec, Vrbanovec), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
7. ŽITO d.o.o. za proizvodnju i trgovinu (ŽITO d.o.o.), Osijek, Đakovština 3 - farma Slaščak (Feirm Slaščak), gníomhaíocht CRLT 6.6.b.
8. ŽITO d.o.o. za proizvodnju i trgovinu (ŽITO d.o.o.), Osijek, Đakovština 3 - farma Magadenovac (Feirm Magadenovac), gníomhaíocht CRLT 6.6.c.
9. ALUFLEXPACK, proizvodno, trgovačko, export-import društvo s ograničenom odgovornošću (ALUFLEXPACK, d.o.o.), Zadar, Murvica bb - pogon Umag (saoráid Umag, suíomh: Umag, Ungarija bb), gníomhaíocht CRLT 6.7.
10. ALUFLEXPACK, proizvodno, trgovačko, export-import društvo s ograničenom odgovornošću (ALUFLEXPACK, d.o.o.), Zadar, Murvica bb - pogon Zadar (saoráid Zadar, suíomh: Zadar, Murvica bb), gníomhaíocht CRLT 6.7.

11. HEMPEL društvo s ograničenom odgovornošću Prerađivačka kemijska industrija (HEMPEL d.o.o.), Umag, Novigradska ulica 32, gníomhaíocht CRLT 6.7.
12. BELIŠĆE dioničko društvo za proizvodnju papira, kartonske ambalaže, strojeva, primarnu i finalnu preradu drva i suhu destilaciju drva (BELIŠĆE d.d.), Belišće, Trg Ante Starčevića 1 - seachas Coire gaile K3 agus Coire gaile K4 (ídirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2017, féach thíos), gníomhaíocht CRLT 6.1.b.
13. MAZIVA-ZAGREB d.o.o. za proizvodnju i trgovinu mazivima i srodnim proizvodima (MAZIVA-ZAGREB d.o.o.), Zagreb, Radnička cesta 175, gníomhaíocht CRLT 1.2.

(c) Amhail ón 1 Iúil 2015:

GAVRILOVIĆ Prva hrvatska tvornica salame, sušena mesa i masti M. Gavrilovića potomci, d.o.o. (GAVRILOVIĆ d.o.o.), Petrinja, Gavrilovićev trg 1 - pogon klaonice: papkari, rezanje i prerada mesa i proizvodnja preradevina od peradi i papkara, te skladištenje mesa (saoráid do mharú ainmhithe: ainmhithe crúibe, feoil a ghearradh agus a phróiseáil agus táirgí próiseáilte a tháirgeadh ó éanlaith agus ó ainmhithe crúibe, agus feoil a stóráil), gníomhaíocht CRLT 6.4.a.

(d) Amhail ón 1 Eanáir 2016:

1. FERRO-PREIS društvo s ograničenom odgovornošću za proizvodnju lijevanih, kovanih i prešanih metalnih proizvoda (FERRO-PREIS d.o.o.), Čakovec, Dr. Tome Bratkovića 2, gníomhaíocht CRLT 2.4.
2. CEMEX Hrvatska dioničko društvo za proizvodnju i prodaju cementa i drugih građevinskih materijala (CEMEX Hrvatska d.d.), Kaštel Sućurac, Cesta dr. Franje Tuđmana bb - pogon Sv. Kajo (Sv. saoráid Kajo), gníomhaíocht CRLT 3.1.
3. CEMEX Hrvatska dioničko društvo za proizvodnju i prodaju cementa i drugih građevinskih materijala (CEMEX Hrvatska d.d.), Kaštel Sućurac, Cesta dr. Franje Tuđmana bb - pogon Sv. Juraj (Sv. saoráid Juraj), gníomhaíocht CRLT 3.1.
4. CEMEX Hrvatska dioničko društvo za proizvodnju i prodaju cementa i drugih građevinskih materijala (CEMEX Hrvatska d.d.), Kaštel Sućurac, Cesta dr. Franje Tuđmana bb - pogon 10. kolovoza (10. saoráid kolovoza), gníomhaíocht CRLT 3.1.
5. KIO KERAMIKA d.o.o. za proizvodnju keramičkih pločica - "u stečaju" (KIO KERAMIKA d.o.o. - "u stečaju"), Orahovica, V. Nazora bb - pogon Orahovica (saoráid Orahovica, suíomh: Orahovica, V. Nazora bb), gníomhaíocht CRLT 3.5.
6. KIO KERAMIKA d.o.o. za proizvodnju keramičkih pločica - "u stečaju" (KIO KERAMIKA d.o.o. - "u stečaju"), Orahovica, V. Nazora bb - pogon Rujevac (saoráid Rujevac, suíomh: Dvor, Rujevac bb), gníomhaíocht CRLT 3.5.
7. PLIVA HRVATSKA d.o.o. za razvoj, proizvodnju i prodaju lijekova i farmaceutskih proizvoda (PLIVA HRVATSKA d.o.o.), Zagreb, Prilaz baruna Filipovića 25 - pogon Savski Marof (saoráid Savski Marof, suíomh: Prigorje Brdovečko, Prudnička 98), gníomhaíocht CRLT 4.5.
8. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - mesna industrija (tionscal feola, suíomh: Sv. Petar u Šumi), gníomhaíocht CRLT 6.4 a agus b.
9. KOKA peradarsko prehrambena industrija dioničko društvo (KOKA d.d.), Varaždin, Jalkovečka ulica bb - farma br. 20 (Feirm Uimh. 20, suíomh: Petrijanec-Nova Ves), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
10. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Sv. Petar u Šumi 8 (Feirm Sv. Petar u Šumi 8, suíomh: Sveti Petar u Šumi), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
11. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Sv. Petar u Šumi 9 (Feirm Sv. Petar u Šumi 9, suíomh: Sveti Petar u Šumi), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
12. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Barban (Feirm Barban, suíomh: Barban), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
13. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Muntrilj (Feirm Muntrilj, suíomh: Muntrilj), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
14. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Šikuti (Feirm Šikuti, suíomh: Svetvinčenat), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.

15. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Žminj 2 (Feirm Žminj 2, suíomh: Žminj), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
 16. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Surani 2 (Feirm Surani 2, suíomh: Tinjani, Surani), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
 17. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Pilati (Feirm Pilati, suíomh: Lovrin, Pilati), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
 18. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Škropeti 2 (Feirm Škropeti 2, suíomh: Škropeti), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
 19. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Katun 2 (Feirm Katun 2, suíomh: Trviz, Katun Trviski), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
 20. PURIS, poljoprivredna, prehrambena, trgovačka i ugostiteljska djelatnost, dioničko društvo (PURIS d.d.), Pazin, Hrvatskog narodnog preporoda 2 - farma Srbinjak (Feirm Srbinjak, suíomh: Jakovici, Srbinjak), gníomhaíocht CRLT 6.6. a.
 21. AD PLASTIK dioničko društvo za proizvodnju dijelova i pribora za motorna vozila i proizvoda iz plastičnih masa (AD PLASTIK d.d.), Solin, Matoševa ulica 8 - suíomh: Zagreb, Jankomir 5, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 22. BRODOSPLIT-BRODOGRADILIŠTE društvo s ograničenom odgovornošću (BRODOSPLIT-BRODOGRADILIŠTE d.o.o.), Split, Put Supavla 21, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 23. CHROMOS BOJE I LAKOVI, dioničko društvo za proizvodnju boja i lakova (CHROMOS BOJE I LAKOVI, d.d.), Zagreb, Radnička cesta 173/d, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 24. MURAPLAST društvo s ograničenom odgovornošću za proizvodnju i preradu plastičnih masa (MURAPLAST d.o.o.), Kotoriba, Industrijska zona bb, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 25. 3. MAJ BRODOGRADILIŠTE d.d., Rijeka, Liburnijska 3, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 26. CHROMOS-SVJETLOST, Tvornica boja i lakova, društvo s ograničenom odgovornošću (CHROMOS-SVJETLOST d.o.o.), Lužani, Mijata Stojanovića 13, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 27. BRODOTROGIR d.d., Trogir, Put brodograditelja 16, gníomhaíocht CRLT 6.7.
 28. ULJANIK Brodogradilište, d.d., Pula, Flaciusova 1, gníomhaíocht CRLT 6.7.
- (e) Amhail ón 1 Eanáir 2017:
1. METALSKA INDUSTRIJA VARAŽDIN dioničko društvo (MIV d.d.), Varaždin, Fabijanska ulica 33, gníomhaíocht CRLT 2.4.
 2. KANDIT PREMIJER d.o.o. za proizvodnju, promet i usluge (KANDIT PREMIJER d.o.o.), Osijek, Frankopanska 99, gníomhaíocht CRLT 6.4.b.
 3. KOKA peradarsko prehrambena industrija dioničko društvo (KOKA d.d.), Varaždin, Jalkovečka ulica bb – farma br. 21 (Feirm Uimh. 21, suíomh: Čakovec, Totovec), gníomhaíocht CRLT 6.6.a.
 4. ŽITO d.o.o. za proizvodnju i trgovinu (ŽITO d.o.o.), Osijek, Đakovština 3 – farma Lužani (Feirm Lužani), gníomhaíocht CRLT 6.6.b.
- (f) Amhail ón 1 Eanáir 2018:
1. BELIŠĆE dioničko društvo za proizvodnju papira, kartonske ambalaže, strojeva, primarnu i finalnu preradu drva i suhu destilaciju drva (BELIŠĆE d.d.), Belišće, Trg Ante Starčevića 1 – parni kotao K3, parni kotao K4 (Coire gaile K3, Coire gaile K4), gníomhaíocht CRLT 1.1 (ní bhaineann sé sin ach le coire gaile K3 agus le coire gaile K4).
 2. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 – KTE Jertovec (Gléasra Cumhachta Comh-Thimthrialla Jertovec, suíomh: Konjščina, Jertovec, Jertovec 151), gníomhaíocht CRLT 1.1.
 3. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 - TE Plomin 1 (Gléasra Cumhachta Teirmí Plomin 1, suíomh: Plomin, Plomin bb), gníomhaíocht CRLT 1.1.
 4. TE PLOMIN društvo s ograničenom odgovornošću za proizvodnju električne energije (TE PLOMIN d.o.o.), Plomin, Plomin bb - TE Plomin 2 (Gléasra Cumhachta Teirmí Plomin 2, suíomh: Plomin, Plomin bb), gníomhaíocht CRLT 1.1.

5. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 - EL-TO Zagreb (Gléasra Cumhachta Zagreb - Stáisiún Téimh, suíomh: Zagreb, Zagorska 1), gníomhaíocht CRLT 1.1.
6. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 - TE-TO Zagreb (Gléasra Cumhachta Teirmí Zagreb - Stáisiún Téimh, suíomh: Zagreb, Kuševačka 10 a), gníomhaíocht CRLT 1.1.
7. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 - TE Sisak (Gléasra Cumhachta Teirmí Sisak, suíomh: Sisak, Čret bb), gníomhaíocht CRLT 1.1.
8. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 - TE-TO Osijek (Gléasra Cumhachta Teirmí Osijek - Stáisiún Téimh, suíomh: Osijek, Martina Divalta 203), gníomhaíocht CRLT 1.1.
9. HEP-Proizvodnja d.o.o. za proizvodnju električne i toplinske energije (HEP-Proizvodnja d.o.o.), Zagreb, Ulica grada Vukovara 37 - TE Rijeka (Gléasra Cumhachta Teirmí Rijeka, suíomh: Kostrena, Urinj bb), gníomhaíocht CRLT 1.1.
10. DIOKI Organska petrokemija dioničko društvo (DIOKI d.d.), Zagreb, Čulinečka cesta 252, gníomhaíocht CRLT 1.1.
11. INA-INDUSTRIJA NAFTE, d.d. (INA, d.d.), Zagreb, Avenija V. Holjevca 10 – Rafinerija nafte Rijeka - Urinj (Scaglann Ola Rijeka - Urinj, suíomh: Kostrena, Urinj), gníomhaíocht CRLT 1.2.
12. INA-INDUSTRIJA NAFTE, d.d. (INA, d.d.), Zagreb, Avenija V. Holjevca 10 – Rafinerija nafte Sisak (Scaglann Ola Sisak, suíomh: Sisak, Ante Kovačića 1), gníomhaíocht CRLT 1.2.
13. ŽELJEZARA SPLIT poduzeće za proizvodnju i preradu čelika d.d. "u stečaju" (ŽELJEZARA SPLIT d.d. "u stečaju"), Kaštel Sućurac, Cesta dr. F. Tuđmana bb, gníomhaíocht CRLT 2.2.
14. PETROKEMIJA, d.d. tvornica gnojiva (PETROKEMIJA, d.d.), Kutina, Aleja Vukovar 4, gníomhaíocht CRLT 4.2.b.

VI. CEIMICEÁIN

32006 R 1907: Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún mar aon le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CEE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

- (a) De mhaolú ar Airteagal 23(1) agus (2) agus Airteagal 28 ina sainmhínítear an spriocdháta chun na substaintí a luaitear ann a chlárú agus a réamhchlárú, deonófar tréimhse oiriúnaithe sé mhí ó dháta an aontachais do mhonaróirí, d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí earraí a bheidh bunaithe sa Chróit chun substaintí céimnithe isteach a réamhchlárú. Beidh na dátaí don chéad agus don dara spriocdháta clárúcháin a leagtar amach in Airteagal 23(1) agus (2) ann 12 mhí ó dháta an aontachais.
- (b) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 6, 7, 9, 17, 18 agus 33 sa Chróit ar feadh tréimhse sé mhí ó dháta an aontachais.
- (c) De mhaolú ar na socruithe idirthréimhseacha a shonraítear le haghaidh aon substainte a luaitear in Iarscríbhinn XIV, má thagann an dáta is deireanaí chun iarratas a dhéanamh roimh dháta an aontachais nó tráth is luaithe ná sé mhí tar éis an dáta sin, deonófar tréimhse oiriúnaithe sé mhí ó dháta an aontachais d'iarratasóirí a bheidh bunaithe sa Chróit, agus caithfeadh iarratais ar údaruithe a bheith faighte faoi dheireadh na tréimhse sin.

Foscríbhinn a ghabhann le hIARSCRIBHINN V

Liosta (*), arna sholáthar ag an gCróit, de tháirgí íocshláinte a bhfanfaidh údarú margaíochta arna eisiúint ina leith faoi dhlí na Cróite roimh dháta an aontachais bailí go dtí go ndéanfar é a athnuachan i gcomhlíonadh *acquis* an Aontais, nó go dtí an 30 Meitheamh 2017, cibé acu is tuisce.

Má áirítear táirge íocshláinte ar an liosta, ní léiriú ann féin é sin i dtaobh an bhfuil údarú margaíochta i gcomhlíonadh *acquis* an Aontais ag an táirge íocshláinte i dtrácht.

(*) Féach IO C 119 E, 24.4.2012.

IARSCRÍBHINN VI

Forbairt tuaithe (dá dtagraítear in Airteagal 35(2) den Ionstraim Aontachais)

BEARTA SEALADACHA BREISE MAIDIR LE FORBAIRT TUAITHE DON CHRÓIT

A. Tacaíocht d'fheirmeacha leathchothaitheacha atá á n-athchóiriú

I gcreat reachtach na forbartha tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020, maidir leis an gCróit, deonófar tacaíocht speisialta d'fheirmeoirí i leith gabháltas leathchothaitheach talmhaíochta de bhun na bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle i leith iarratas a bheidh formheasta faoin 31 Nollaig 2017, ar choinníoll nach bhfuil aon bhearta ginearálta comhchosúla agus/ná aon tacaíocht ghinearálta chomhchosúil beartaithe sa rialachán nua maidir le forbairt tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020.

B. Grúpaí táirgeoirí

I gcreat reachtach na forbartha tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020, maidir leis an gCróit, deonófar tacaíocht speisialta, de bhun na bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 35 de Rialachán Uimh. (CE) 1698/2005 ón gComhairle, do ghrúpaí táirgeoirí a bheidh aitheanta ag údarás inniúil na Cróite faoin 31 Nollaig 2017, chun a chumasú grúpaí tairgeoirí a bhunú agus a fheidhmiú ó thaobh riaracháin de, ar choinníoll nach bhfuil aon bhearta ginearálta comhchosúla agus/ná aon tacaíocht ghinearálta chomhchosúil beartaithe sa rialachán nua maidir le forbairt tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020.

C. Leader

I gcreat reachtach na forbartha tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020, maidir leis an gCróit, socrófar ranníocaíocht íosta CETFT leis an gclár forbartha tuaithe do Leader ar leibhéal is ionann, ar an meán, agus an leathchuid ar a laghad den chéatadán den bhuiséad a bheidh infheidhme maidir leis na Ballstáit eile, má shocraítear ceanglas den sórt sin.

D. Comhlánuithe ar íocaíochtaí díreacha

1. Féadfar tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí atá incháilithe le haghaidh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha nó cabhair dhíreach náisiúnta chomhlántach faoi Airteagal 132 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle.
2. Ní mó an tacaíocht a dheonófar d'fheirmeoirí i dtaca leis na blianta 2014, 2015, 2016 ná an méid a leanas:
 - (a) an difríocht idir leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha is infheidhme sa Chróit don bhliain i dtrácht i gcomhréir le hAirteagal 121 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle, agus
 - (b) an difríocht idir 45 % de leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha is infheidhme sa bhliain ábhartha san Aontas mar atá comhdhéanta an 30 Aibreán 2004.
3. Ní mó ranníocaíocht an Aontais leis an tacaíocht a dheonófar faoin bhforoinn D seo sa Chróit maidir leis na blianta 2014, 2015 agus 2016 ná 20 % dá chionroinnt bhliantúil iomlán CETFT.
4. Ní mó ráta rannchuidithe an Aontais maidir leis na comhlánuithe ar íocaíochtaí díreacha ná 80 %.

E. Ionstraim um chúnamh réamhaontachais - Forbairt tuaithe

1. Féadfaidh an Chróit leanúint de chonarthaí a dhéanamh nó de thiomantais a ghabháil uirthi féin faoi chlár IPARD faoi Rialachán (CE) Uimh. 718/2007 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2007 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 lena mbunaítear ionstraim um chúnamh réamhaontachais (IPA) go dtí go dtosaíonn sí ar chonarthaí a dhéanamh nó ar thiomantais a ghabháil uirthi féin faoin Rialachán ábhartha maidir le forbairt tuaithe⁽¹⁾. Cuirfidh an Chróit in iúl don Choimisiún an dáta ar a gcuirfidh sí tús le conarthaí a dhéanamh nó le thiomantais a ghabháil uirthi féin faoin Rialachán ábhartha um fhorbairt tuaithe.
2. Glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun na críche sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chun na críche sin, déanfaidh an Coiste IPA dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle cúnaimh a thabhairt don Choimisiún.

F. Meastóireacht *ex-post* IPARD

I gcreat reachtach na forbartha tuaithe don chlárthréimhse 2014 -2020, maidir le cur chun feidhme chlár IPARD don Chróit, féadfaidh go mbeidh caiteachas a bhaineann leis an meastóireacht *ex-post* ar chlár IPARD dá bhforáiltear in Airteagal 191 de Rialachán (CE) Uimh. 718/2007 ón gCoimisiún incháilithe faoi chúnamh teicniúil.

⁽¹⁾ IO L 170, 29.6.2007, lch. 1.

G. Nuachóiriú gabhálas talmhaíochta

I gcreat reachtach na forbartha tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020, maidir leis an gCróit, is é an déine uasta a bheidh ann do chúnamh chun gabhálais talmhaíochta a nuachóiriú 75% de mhéid na hinfheistíochta incháilithe le haghaidh chur chun feidhme Threoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le cosaint uiscí ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta ⁽¹⁾, laistigh d'uastréimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais de bhun Airteagal 3(2) agus Airteagal 5(1) den Treoir sin.

H. Caighdeán a urramú

I gcreat reachtach na forbartha tuaithe don chlárthréimhse 2014-2020, maidir leis an gCróit, déanfar na ceanglais reachtúla bhainistíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle, ar ceanglais iad atá infheidhme sa chlárthréimhse sin, a urramú i gcomhréir leis an gclár ama seo a leanas: beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear in bPointe A d'Iarscríbhinn II ón 1 Eanáir 2014; beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i bPointe B d'Iarscríbhinn II ón 1 Eanáir 2016; agus beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i bPointe C d'Iarscríbhinn II ón 1 Eanáir 2018.

IARSCRÍBHINN VII

Tiomantais shonracha a ghlac Poblacht na Cróite uirthi féin le linn na caibidlíochta aontachais (dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 36(1) den Ionstraim Aontachais)

1. Leanúint de chur chun feidhme éifeachtach a Straitéise agus a Plean Gníomhaíochta maidir le hAthchóiriú Breithiúnach a áirithiú.
2. Leanúint de neamhspleáchas, de chuntasacht, de neamhchlaontacht agus de ghairmiúlacht na breithiúnachta a láidriú.
3. Leanúint d'éifeachtúlacht na breithiúnachta a fheabhsú.
4. Leanúint de láimhseáil cásanna a bhaineann le coireanna cogaidh intíre a fheabhsú.
5. Leanúint de theist mharthanach a áirithiú maidir le torthaí substaintiúla a bheidh bunaithe ar imscrúdú, ionchúiseamh agus rialaithe cúirte atá éifeachtúil, éifeachtach agus neamhchlaonta, maidir le cásanna a bhaineann leis an gcoiriúlacht eagraithe agus leis an éilliú ar gach leibhéal lena n-áirítear an t-éilliú ar ardleibhéal, agus in earnálacha leochaileacha amhail soláthar poiblí.
6. Leanúint dá teist a fheabhsú maidir le bearta coisctheacha neartaithe i ndáil leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe agus na coinbhleachta leasa.
7. Leanúint de chosaint mionlach a láidriú, lena n-áirítear tríd an nGníomh Bunreachtúil um Chearta Mionlach Náisiúnta (CARNM) a chur chun feidhme go héifeachtach.
8. Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna gan réiteach maidir le fillleadh dídeanaithe.
9. Leanúint de chosaint chearta an duine a fheabhsú.
10. Leanúint de bheith ag comhoibriú go hiomlán leis an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta don iar-lúgslav.

⁽¹⁾ IO L 375, 31.12.1991, lch. 1.

IARSCRÍBHINN VIII

Tiomantais a ghlac Poblacht na Cróite uirthi féin maidir le hathstruchtúráil thionscal longhógála na Cróite (dá dtagraítear sa tríú fómhír d'Airteagal 36(1) den Ionstraim Aontachais)

Is iad seo a leanas na cuideachtaí longhógála atá le hathstruchtúráil (dá ngairtear "na cuideachtaí" anseo feasta):

- Brodograđevna industrija 3 MAJ dioničko društvo, Rijeka (dá ngairtear "3. MAJ" anseo feasta)
- BRODOTROGIR d.d., Trogir (dá ngairtear "Brodotrogir" anseo feasta)
- BRODOGRAĐEVNA INDUSTRIJA SPLIT, dioničko društvo, Split (dá ngairtear "Brodosplit" anseo feasta)
- BRODOSPLIT-BRODOGRADILIŠTE SPECIJALNIH OBJEKATA društvo s ograničenom odgovornošću, Split (dá ngairtear "BSO" anseo feasta)
- BRODOGRADILIŠTE KRALJEVICA dioničko društvo za izgradnju i popravak brodova, Kraljevica (dá ngairtear "Kraljevica" anseo feasta).

Chomhaontaigh an Chróit athstruchtúráil na gcuideachtaí sin a dhéanamh trína bpríobháidí ar bhonn próisis iomaíoch tairisceana. Thíolaic na tairgeoirí pleananna athstruchtúráil do na cuideachtaí sin agus ghlac Gníomhaireacht Iomaíochta na Cróite agus an Coimisiún leo. Ionchorprófar na pleananna athstruchtúráil sna conarthaí príobháidithe faoi seach atá le tabhairt chun críche idir an Chróit agus ceannaitheoirí na gcuideachtaí.

Sonraítear sna pleananna athstruchtúráil arna dtíolacadh do gach ceann de na cuideachtaí sin na príomhchoinníollacha seo a leanas atá le hurráil sa phróiseas athstruchtúráil:

- Ní mór gach cúnaimh Stáit a fuair na cuideachtaí sin ón 1 Márta 2006 a áireamh mar chúnaimh athstruchtúráil. Soláthróidh na cuideachtaí ranniocaíocht leis an bplean athstruchtúráil óna gcuid acmhainní féin agus caitfidh gur fíor-ranniocaíocht í atá saor ó chúnaimh Stáit agus arb ionann í agus 40 % de na costais athstruchtúráil iomlána.
- Laghdófar cumas foriomlán táirgeachta na gcuideachtaí i gcomparáid le leibhéal an 1 Meitheamh 2011 ó 471 324 olltonnáiste cútithe (CGT) go dtí 372 346 CGT. Laghdóidh na cuideachtaí a gcumas táirgeachta tráth nach déanaí ná dhá mhí dhéag tar éis an connradh príobháidithe a shíniú. Cuirfear laghdú an chumais chun feidhme trí shlipeanna a dhúnadh go buan, trí shlipeanna a ainmniú le haghaidh táirgeachta míleata amháin de réir bhrí Airteagal 346 CFAE agus/nó trí laghdú a dhéanamh ar an achar dromchla. Is iad na CGTanna na haonaid tomhaiste aschuir arna ríomh de réir na rialacha ECFE is infheidhme.
- Beidh táirgeacht bhliantúil iomlán na gcuideachtaí teoranta do 323 600 CGT go ceann tréimhse deich mbliana, dar tús an 1 Eanáir 2011. Beidh aschur na gcuideachtaí teoranta do na leibhéil seo a leanas (1):
 - 3. MAJ: 109 570 CGT
 - Brodotrogir: 54 955 CGT
 - Brodosplit agus BSO: 132 078 CGT
 - Kraljevica: 26 997 CGT

Féadfaidh go gcomhaontóidh na cuideachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar a dteorainneacha táirgeachta aonair. Ar bhonn comhaontuithe ceangailteacha, féadfaidh siad an chuid sin dá gcúta táirgeachta aonair (a shloinntear in CGTanna) a ghéilleann siad dá chéile a shuí go sainráite. Urramófar teorainn bhliantúil táirgeachta fhoriomlán 323 600 CGT.

- Sonraítear roinnt bearta eile sna pleananna athstruchtúráil freisin ar bearta iad a chuirfidh gach cuideachta chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh inmharthanacht fhadtéarmach ann arís.

Comhlíonfar na príomhchoinníollacha sa phróiseas athstruchtúráil liostaítear thuas má dhéantar aon athrú ar na pleananna sin ina dhiaidh sin agus cuirfear aon athrú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin le go nglacfar leis.

(1) Ríomhtar táirgeadh bliantúil cuideachta ar leith mar a leanas: Is é an tús atá le táirgeadh loinge an dáta pleanáilte chun cruach a ghearradh agus is é an deireadh atá leis an táirgeadh an dáta a thuarar go seachadfar an long mar a leagtar amach sa chonradh a rinneadh leis an gceannaitheoir (nó an dáta a thuarar go seachadfar an long neamhchríochnaithe nuair atá tógáil na loinge roinnte idir dhá chuideachta). Cionroinntear líon na CGTanna a fhreagraíonn do long go líneach leis na blianta féilire a chumhdaíonn an tréimhse táirgthe. Ríomhtar aschur iomlán cuideachta i mbliain ar leith trí líon na CGTanna a táirgeadh le linn na bliana sin a shuímiú

Ní bhfaighidh na cuideachtaí aon chúnamh nua tarrthála nó athstruchtúrúcháin go ceann 10 mbliana ar a laghad ó dháta sínithe an chonartha príobháidithe. Ar aontachas na Cróite, ordóidh an Coimisiún don Chróit aon chúnamh tarrthála nó athstruchtúrúcháin a deonaíodh de shárú ar an bhforáil seo a ghnóthú mar aon le hús iolraithe.

Déanfar na pleannanna athstruchtúrúcháin ar ghlac Gníomhaireacht Iomaíochta na Cróite agus an Coimisiún leo a ionchorprú sna conarthaí príobháidithe faoi seach a bheidh le tabhairt chun críche idir an Chróit agus ceannaitheoirí na gcuideachtaí. Cuirfear na conarthaí príobháidithe faoi bhráid an Choimisiúin le go nglacfar leo agus síneofar iad roimh aontachas na Cróite.

Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na bpleannanna athstruchtúrúcháin agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo maidir le leibhéal an chúnamh Stáit, maidir lena ranníocaíocht féin, maidir leis na laghduithe ar chumas, maidir le teorannú na táirgeachta agus maidir leis na bearta a ghlacfar chun a áirithiú go mbeidh inmharthanacht ann arís.

Déanfar an faireachán sin go bliantúil le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin. Déanfaidh an Chróit na socrúithe faireacháin go léir a chomhlíonadh go hiomlán. Déanfar an méid seo a leanas go háirithe:

- Cuirfidh an Chróit tuarascáil ar fáil don Choimisiún gach sé mhí maidir le hathstruchtúrú na gcuideachtaí is tairbhíthe, tráth nach déanaí ná an 15 Eanáir agus an 15 Iúil gach bliain go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin.
- Sna tuarascálacha sin, beidh an fhaisnéis uile a bheidh riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas athstruchtúrúcháin, ar a ranníocaíocht féin, ar an laghdú ar chumas, ar an teorainn le táirgeacht agus ar na bearta a ghlacfar chun a áirithiú go mbeidh inmharthanacht ann arís.
- Tíolacfaidh an Chróit tuarascálacha ar aschur bliantúil na gcuideachtaí a bheidh á n-athstruchtúrú tráth nach déanaí ná an 15 Iúil gach bliain go dtí deireadh na bliana 2020.
- Cuirfidh an Chróit d'oibleagáid ar na cuideachtaí na sonraí ábhartha uile a nochtadh a d'fhéadfaí a mheas, i gcúinsí eile, gur sonraí rúnda iad. Áiritheoidh an Coimisiún nach nochtfár an fhaisnéis rúnda a bhaineann le cuideachta ar leith.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh aon tráth údarás a thabhairt do shaineolaí neamhspleách chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an faireacháin nó aon taighde riachtanach a dhéanamh agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Comhoibreoidh an Chróit go hiomlán leis an saineolaí neamhspleách a cheapfaidh an Coimisiún agus áiritheoidh sí go mbeidh rochtain iomlán ag an saineolaí sin ar an bhfaisnéis uile a bheidh uaidh chun na cúraimí a chuirfidh an Coimisiún air a chomhlíonadh.

Ar aontachas na Cróite, ordóidh an Coimisiún don Chróit aon chúnamh tarrthála nó athstruchtúrúcháin a deonaíodh ón 1 Márta 2006 do chuideachta ar leith a ghnóthú mar aon le hús iolraithe, más rud é:

- nár síníodh an conradh príobháidithe don chuideachta sin fós nó nach n-ionchorpraítear ann na coinníollacha a leagtar amach sa phlean athstruchtúrúcháin a ghlac Gníomhaireacht Iomaíochta na Cróite agus an Coimisiún, nó
- nár sholáthair an chuideachta fíor-ranníocaíocht atá saor ó chúnamh Stáit óna hacmhainní féin arb ionann í agus 40 % de na costais athstruchtúrúcháin, nó
- nár cuireadh an laghdú ar an gcumas foriomlán táirgeachta i bhfeidhm laistigh de dhá mhí dhéag ón gconradh príobháidithe a shíniú. Sa chás sin, ní cheanglófar an cúnaimh a ghnóthú ach amháin ó na cuideachtaí sin nach mbeidh na laghduithe cumais seo a leanas bainte amach acu:
 - 3 MAJ: le 46 543 CGT
 - Brodotrogir: le 15 101 CGT
 - Brodosplit agus BSO: le 29 611 CGT
 - Kraljevica: le 9,636 CGT, nó
- gur sáraíodh an teorainn fhoriomlán táirgeachta do na cuideachtaí (i.e. 323 600 CGT) in aon bhliain féilire ar leith idir 2011 agus 2020. Sa chás sin, ceanglófar an cúnaimh a ghnóthú ó na cuideachtaí sin a sháraigh a gcuid teorainneacha táirgeachta aonair (más infheidhme, arna leasú le comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí le cuideachta longthógála eile).

IARSCRÍBHINN IX

Tiomantais a ghlac Poblacht na Cróite uirthi féin maidir le hathstruchtúrú earnáil na cruach (dá dtagraítear sa tréú fomhír d'Airteagal 36(1) den Ionstraim Aontachais)

I litir dár dáta an 23 Bealtaine 2011, thug an Chróit le fios don Choimisiún go raibh aitheantas fiachais faighte aici ón táirgeoir cruach CMC Sisak d.o.o. arb ionann é agus an cúnamh athstruchtúrúcháin a fuair an chuideachta sin le linn na tréimhse ón 1 Márta 2002 go dtí an 28 Feabhra 2007 móide ús iolraithe ⁽¹⁾. Is é méid an chúnamh Stáit a fuarthas, gan ús iolraithe, HRK 19 117 572,36.

Ar aontachas na Cróite, más rud é nár aisíoc CMC Sisak d.o.o. suim iomlán an chúnamh sin móide ús iolraithe, ordóidh an Coimisiún don Chróit aon chúnamh tarrhála agus athstruchtúrúcháin a deonaíodh don chuideachta sin ón 1 Márta 2006 a ghnóthú mar aon le hús iolraithe.

⁽¹⁾ Le ríomh i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 de Chonradh CE (IO L 140, 30.4.2004, lch.1) a chur i bhfeidhm, arna leasú an uair dheireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1125/2009 ón gCoimisiún (IO L 308 24.11.2009, lch.5).

PRÓTACAL

maidir le socruithe áirithe a bhaineann le haonaid mhéid shannta a eisíodh faoi Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide a d'fhéadfaí a aistriú chuig Poblacht na Cróite ar bhonn aonuiremáille leis an gcúiteamh gaolmhar

TÁ NA HARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur comhaontaíodh, i bhfianaise na n-imthosca sonracha stairiúla a chuaigh i bhfeidhm ar an gCróit, toilteanas a chur in iúl i ndáil le cúnaimh a thabhairt don Chróit trí Aonaid Méid Shannta a eisíodh faoi Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide ("Prótacal Kyoto") a aistriú ar bhonn aonuire,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH nach ndéanfaí aon aistriú den sórt sin ach an t-aon uair amháin, nach ndéanfaí fasach leis agus go léireofaí leis cineál uathúil agus eisceachtúil staid na Cróite,

AG CUR IN IÚL GO LÁIDIR DÓIBH go mbeadh ar an gCróit aon aistriú den s sin a chúiteamh trí choigeartú a dhéanamh ar a hoibleagáidí faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarracht Ballstát a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi chomhair ghealltanais an Chomhphobail maidir leis an laghdú ar astú gás ceaptha teasa suas go dtí ⁽¹⁾ d'fhonn sláime comhshaoil a áirithiú trí mhéadú ar an méid iomlán astuithe a cheadaítear don Aontas agus don Chróit go dtí 2020 a sheachaint,

TAR ÉIS COMHAONTÚ A DHÉANAMH AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

CUID I

AISTRÍÚ

Airteagal 1

Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir le bearta a bhaineann le líon Aonad Méid Shannta (AMSanna) a eisíodh faoi Phrótacal Kyoto a d'fhéadfaí a aistriú chuig an gCróit.

Airteagal 2

Ní dhéanfar aon aistriú ach amháin sa chás go mbeidh an Chróit tar éis a hachomharc i gcoinne chinneadh bhrairse forfheidhmithe an Choiste Comhlíonta de Phrótacal Kyoto a tharraingt siar i gcomhréir le haon rialacha ábhartha agus le haon teorainneacha ama ábhartha lena rialáitear tarraingt siar achomharc roimh thús Chomhdháil UNFCC in Durban (28 Samhain -9 Nollaig 2011).

Beidh aon aistriú faoi réir an choinníll go gcinneadh Foireann Saineolaithe Athbhreithniúcháin UNFCC, tar éis na tréimhse fíoraithe suas, nach bhfuil a cuid tiomantas faoi Airteagal 3 de Phrótacal Kyoto comhlíonta ag an gCróit.

Ní dhéanfar aon aistriú ach amháin sa chás go mbeidh gach iarracht réasúnta déanta ag an gCróit d'fhonn a tiomantais faoi Airteagal 3 de Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh, lena n-áirítear a tiomantais faoi úsáid iomlán a bhaint as aonaid aschurtha ó úsáid talún, faoi úsáid talún a athrú agus faoin bhforaoiseacht.

Airteagal 3

Glacfar aon chinneadh a dhéanfar maidir le AMSanna a aistriú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstát ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ⁽²⁾ Tabharfaidh an Coiste um Athrú Aeráide a bunaíodh faoi Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 280/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid an Chomhphobail agus maidir le Prótacal Kyoto ⁽³⁾. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ní ghlacfar aon chinneadh den sórt sin i gcás nach mbeidh aon tuairim tugtha.

Déanfar na AMSanna a bheidh le haistriú a tharraingt as an méid AMSanna dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh 2006/944/CE an 14 Nollaig 2006 ón gCoimisiún lena gcinntear leibhéil na n-astaíochtaí a chionroinntear ar an gComhphobal agus ar gach ceann dá chuid Ballstát faoi Phrótacal Kyoto de bhun Chinneadh 2002/358/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾.

Ní mó aon aistriú ná méid iomlán 7 000 000 AMSanna.

⁽²⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

⁽³⁾ IO L 49, 19.2.2004, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 358, 16.12.2006, lch. 87. Cinneadh mar a leasaítear le Cinneadh 2010/778/AE ón gCoimisiún (IO L 332, 16.12.2010, lch 41).

⁽¹⁾ IO L 49, 19.2.2004, lch. 1.

CUID II

CÚITEAMH*Airteagal 4*

Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir leis an gcúiteamh a bheidh le soláthar ag an gCróit i gcás ina n-aistreofar AMSanna i gcomhréir le forálacha Chuid I.

Airteagal 5

1. Déanfaidh an Chróit cúiteamh aon AMSanna a aistreofar chuici trí choigeartú a dhéanamh de bhun an Airteagail seo ar a hoibleagáidí faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Déanfar, go háirithe, an méid coibhéiseach i dtonnaí dé-ocsáide carbóin a bheidh coibhéiseach le haon AMSanna a aistreofar, de bhun an Airteagail seo, a dhealú ó chionroinnt bhliantúil astaíochtaí na Cróite, a luaithe a chinnfear iad de bhun Airteagal 3(2) de Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Foilseoidh an Coimisiún na figiúirí do chionroinnt bhliantúil na Cróite a bheidh mar thoradh ar an dealú a dhéanfar i gcomhréir le mír 1.